Tá 66 gníomh ann chomh maith, ina measc tacú le crainn dhúchasacha a chur, cláir chothabhála fála cois bóthair, conairí agus láithreacha éiceolaíocha a shonrú chun gnáthóga nua a chruthú, bogaigh a chosaint, bonneagar glas a fhorbairt, pleananna gnímh um bithéagsúlacht áitiúil a chur le chéile agus comhoibriú leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) agus le forais taighde chun tionscadail bithéagsúlachta agus gníomhartha ar son na haeráide a fhorbairt. Cuirfear Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chathair Chorcaí i bhfeidhm i gcomhréir le Plean Oiriúnaithe don Athrú Aeráide agus a ghníomhartha ábhartha don oidhreachta agus don bithéagsúlacht.

Mar sin féin, tá raon leathan roghanna oiriúnaithe ar fáil chun na baoil d'éiceachórais nádúrtha agus bhainistithe a laghdú (e.g., oiriúnú bunaithe ar éiceachórais, éiceachórais a athchóiriú agus díghrádú agus dífhoraoisiú a sheachaint), bainistiú bithéagsúlachta, (e.g. bonneagar glas, pleanáil agus úsáid inbhuanaithe talún, agus bainistíocht inbhuanaithe uisce), atá á gcur i bhfeidhm ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil.

*\* Ardán Idir-Rialtais Beartas Eolaíochta um an mBithéagsúlacht agus Seirbhísí Éiceachórais (IPBES). Tuarascáil Mheasúnachta Dhomhanda 2019 ar Bithéagsúlacht agus ar Sheirbhísí Éiceachórais Bealtaine 2019.*

*\*\*Biological annihilation via the ongoing sixth mass extinction signalled by vertebrate population losses and declines Gerardo Ceballos, Paul R. Ehrlich, agus Rodolfo Dirzo, PNAS 25 Iúil, 2017 114 (30) E6089-E6096; foilsíodh den chéad uair 10 Iúil 2017.*





## 1.4 Bithéagsúlacht agus Bonneagar Glas agus Gorm

Choimisiúnaigh Comhairle Cathrach Chorcaí Staidéar ar Bhonneagar Glas agus Gorm (GBI) in 2020. Is é GBI an téarma a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar líonra na spásanna agus na gconairí nádúrtha agus leathnádúrtha i limistéar ar leith. Ina measc sin tá spásanna oscailte dá leithéidí páirceanna poiblí agus gairdíní, chomh maith le talamh cionroinnte, coillearnacha, páirceanna, fála, locha, locháin, páirceanna imeartha, gnáthóga cósta, cosáin, rotharbhealaí agus cúrsaí uisce. D'fhéadfadh gurb é a bheadh i gceist le GBI chomh maith ná idirghabhálacha difriúla chun an dúlra a shníomh isteach i sráid-dreacha nó chun conairí nascachta a chur ar fáil idir na gnéithe GBI a gcuirtear síos orthu thuas, ar a dtugtar 'sócmhainní'. Thar aon ní eile, baineann ilfheidhmiúlacht le GBI. Is féidir le sócmhainn GBI as féin raon tairbhí a sholáthar do dhaoine (folláine fhisiciúil agus mheabhrach araon), agus don bhithéagsúlacht agus don tírdhreach féin. Is féidir GBI a úsáid chun áiteanna tarraingteacha agus feidhmiúla ar ardchaighdeán a chruthú, áiteanna a chuireann timpeallacht ar fáil don mhaireachtaint ó lá go lá.

Ina theannta sin, tá gréasán GBI atá slán in ann aghaidh a thabhairt ar an tionchar diúltach a bhíonn ag cailteanas agus ilroinnt gnáthóg ach cruthú, feabhsú agus nascacht gnáthóg a chur chun cinn (ar an láthair mar chuid den fhorbairt nó de bhun fritháireamh bithéagsúlachta). Tá ról tábhachtach ag gréasán dea-nasctha de spásanna glasa maidir le teochtaí áitiúla a laghdú, oiriúnú don athrú aeráide agus maolú ar an athrú aeráide chomh maith le baol tuilte a laghdú. Cothaíonn fásra agus ithir ionsú agus stóráil carbóin chomh maith.

Is í an fhís do Staidéar GBI Chathair Chorcaí ná a chinntiú go ndéantar líonra páirceanna poiblí, spásanna glasa, crainn sráide, aibhneacha agus bogach a phleanáil, a dhearadh agus a bhainistiú chun tairbhí a chur ar fáil do dhaoine, don gheilleagar agus don chomhshaol. Tabharfaidh an staidéar seo eolas agus treoir do líonra spásanna ilfheidhmeacha glasa agus gorma a phleanáil agus a bhainistiú laistigh de Chathair Chorcaí go dtí 2040 agus ina dhiaidh sin.

Cuirfear Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chathair Chorcaí i bhfeidhm i gcomhréir le staidéar GBI agus a ghníomhartha ábhartha don oidhrecht agus don bhithéagsúlacht.





## 1.5 Ról Phlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chathair Chorcaí

Tá deis ann agus Plean nua Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chathair Chorcaí á chur le chéile cur le héachtaí an dá Phlean Oidhreachta roimhe seo agus obair a dhéanamh le pobail agus grúpaí agus eagraíochtaí oidhreachta áitiúla chun oidhrecht Chathair Chorcaí a chosaint, a fheabhsú agus a athchóiriú.

Tharraing an comhairliúchán poiblí a reáchtáladh mar chuid de chur le chéile an phlean seo aird ar na hábhair inmí agus na tosaíochtaí atá ag ár bpobal maidir le hoidhrecht agus bithéagsúlacht agus leag sé béim ar an obair iontach atá á déanamh cheana féin sa réimse seo, obair a dhéantar ar bhonn deonach den chuid is mó.

Is léir go bhfuil muintir Chathair Chorcaí díocasach agus díograiseach faoi oidhrecht agus faoi bithéagsúlacht na cathrach. Is mian leis an bplean seo agus a ghníomhartha tógaint ar dhíograis sin an phobail ach obair a dhéanamh le chéile chun an oidhrecht agus an bithéagsúlacht, a bhfuil an oiread sin measa agus ceana ag cách orthu, a fheabhsú, a threisiú agus a athchóiriú.

Mar sin, is plean uailmhianach é an plean seo agus tá gníomhartha ann atá idir shainiúil agus ghinearálta ionas gurbh fhéidir oiriúnú do riachtanais agus

deiseanna athraitheacha maidir le saincheisteanna oidhreachta agus bithéagsúlachta ar feadh shaolré an phlean. Lorgófar acmhainní cuí chun é a chur i bhfeidhm sna cúig bliana amach romhainn.

Tá sé ríthábhachtach ár n-oidhrecht agus ár mbithéagsúlacht a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe chun cóimheá a bhaint amach idir an dúshlán a bhaineann lenár n-acmhainní neamh-inathnuaithe a chosaint agus tacú le forbairt Chathair Chorcaí, go háirithe maidir lena tarraingteacht agus lena cumas iomaíochta. Ní leis an am atá caite amháin a bhaineann an oidhrecht. Sa saol seo atá ag athrú go tapaidh, bíonn an oidhrecht á forbairt agus á cruthú de shíor. Tá oidhrecht an ama atá romhainn amach á cruthú againn agus sinn ag iarraidh an méid a fuaireamar ón am atá caite a thuiscint agus a fheabhsú. Tá sé tábhachtach cothromaíocht a bhaint amach idir an gá atá le hathrú agus an fonn atá orainn ár n-oidhrecht a chosaint. Cuid lárnach den chothromaíocht sin a bhaint amach is ea Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chathair Chorcaí (2021-2026) a chur le chéile agus a chur i bhfeidhm agus cabhróidh sé le cinntí atá bunaithe ar fhianaise a dhéanamh i ndáil le cúram a dhéanamh d'oidhrecht Chathair Chorcaí agus í a bhaistiú.





## 1.6 Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chathair Chorcaí a chur le chéile

Cuireadh tús le hobair ar an tríú Plean Oidhreachta Cathrach de chuid Chathair Chorcaí in 2020 ach a ndearnadh athbhreithniú agus measúnú ar an bplean oidhreachta a bhí ann roimhe sin. Léirigh anailís Príomhtháscairí Feidhmíochta (KPI) ar Phlean Oidhreachta Chathair Chorcaí 2015-2020 na nithe seo a leanas:

- Cuireadh comhairle oidhreachta ar fáil do bhreis is 500 plean agus tionscadal.
- Caitheadh um €500,000 ar Phlean Oidhreachta Chathair Chorcaí roimhe seo a chur i bhfeidhm thar a shaolré cúig bliana. I measc na bhfoinsí maoinithe bhí Comhairle Cathrach Chorcaí, an Chomhairle Oidhreachta, ciste an Phlean Gnímh um Bithéagsúlacht Náisiúnta agus Éire Ildána.
- Tugadh 61 gníomh chun críche, ar ghníomhartha bithéagsúlachta iad 19 díobh (tionscadail deontais oidhreachta ina measc).
- Bíonn tinreamh níos mó gach bliain ar Lá Oscailte Oidhreachta Chorcaí, imeacht bliantúil na seachtaine oidhreachta. Bhí an tinreamh ba mhó ann in 2019 tráth a rinneadh 22,000 cuairt san iomlán ar an lá. I measc na n-imeachtaí eile bhí Deich mBliana na gCuimhneachán, Comóradh 2016, Crunniú na nÓg srl.
- Tugadh faoi 3 gníomhaíocht oiliúna ar ábhair dá leithéidí Glúineach Bhiorach agus dhá cheardlann saoirseachta cloiche traidisiúnta ag a raibh 180 duine san iomlán i láthair.
- Shroich Tionscadal Oidhreachta na Scoileanna um 2,500 leanbh agus cuireadh 2 phacáiste eolais faoi bhithéagsúlacht ar fáil do leanaí. Rinneadh an leabhrán Nature in the City a athchló agus scaipeadh foilseachán nua dar teideal *Gardening for Biodiversity*.
- Leithdháileadh €82,367 ar 104 tionscadal pobail agus leithdháileadh €48,900 ar 15 foilseachán.



Bhí Céim 1 den chomhairliúchán poiblí ar Phlean nua Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chathair Chorcaí (2021-2026) ar siúl idir an 6 Márta agus an 30 Aibreán 2020. Iarradh ar an bpobal a dtuairimí a thabhairt faoi na tosaíochtaí a bhí acu maidir le hoidhreacht na cathrach, cad iad dúshláin agus rath an phlean agus moltaí a dhéanamh le cur san áireamh i bPlean nua Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chathair Chorcaí (2021-2026). Fuarthas 90 aighneacht.

Sonraíodh roinnt dréachtchuspóirí agus gníomhartha. Tá na dréachtghníomhartha sin i gcoirlár an Phlean seo agus cuirfear i bhfeidhm iad thar shaolré Phlean Oidhreachta agus

Bithéagsúlachta Chathair Chorcaí (2021-2026). Ceapadh Dréachtphlean agus cuireadh faoi bhráid na Comhairle é lena cheadú do chomhairliúchán poiblí.

Bhí an tarna comhairliúchán ar siúl ón 12 Márta go 16 Aibreán, arbh é a bhí ann ceardlann ar líne, tairseach ar líne, agus aighneachtaí i scríbhinn agus le ríomhphost. Ghin an tarna babhta comhairliúcháin 150 aighneacht a ndearnadh achoimre agus anailís orthu.

Is cuid iad na tuairimí ón dara babhta den chomhairliúchán poiblí den leagan deiridh de Phlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chathair Chorcaí (2021-2026).


---

## 1.7 Oidhreacht agus Bithéagsúlacht Chathair Chorcaí

Is cathair codarsnachtaí í Corcaigh agus is meascán de thraidisiúin dhifriúla chultúir í. Síneann a stair ó bheith ina lárionad foghlama agus cráifeachta sa seachtú haois go dtína bheith ina calafort gustalach ina dhiaidh sin. Is léiriú é oidhreacht Chathair Chorcaí ar an athrú ilghnéitheach agus leanúnach seo i gCorcaigh agus ar mhuintir na Cathrach, ó na Lochlannaigh go dtí na Victeoiriaigh agus go dtí an ré nua-aimseartha. Is í an oidhreacht seo a chuidíonn linn Cathair Chorcaí bhríomhar spéisiúil na linne seo a chruthú.







## 1.7.1 Seandálaíocht

Tá Cathair Chorcaí ar cheann de na cathracha is sine in Éirinn agus tá stair shaibhir sheandálaíochta aici. Eascraíonn tréitheacht uathúil na cathrach as meascán dá topagrafaíocht, dá gnéithe tógtha agus dá suíomh ar an Laoi, áit a ndéanann sí roinnt uiscebhealaí. Tógadh Corcaigh ar oileáin inbhir i ngleann riascach na Laoi agus leathadh í, de réir a chéile, suas na cnoic ghéara ó thuaidh agus ó dheas. Go deimhin féin, ciallaíonn an focal Corcach riasc.

Is beag séadchomhartha ársa atá fós os cionn na talún sa chathair; léiríonn seandálaíocht faoi thalamh Chorcaí, áfach, gach ré d'fhorbairt Chorcaí. Cuireann tochailtí seandálaíochta eolas ar fáil faoi bhunús, faoi fhorbairt agus faoi fhás na cathrach chomh maith le saol mhuintir na cathrach ó lá go lá san am atá caite.

Ba é an lonnaíocht ba luaithe i gCorcaigh mainistir a bhunaigh Naomh Fionnbarra sa seachtú haois. Chuir tochailtí seandálaíochta a rinneadh le déanaí ar an bPríomhshráid Theas go mór leis an eolas atá againn ar thréimhse dheireanach na Lochlannach i gCorcaigh (an 11ú haois), ar a dtugtar an tréimhse Ghael-Lochlannach. Rinne na hAngla-Normannaigh an chathair Ghael-Lochlannach, arbh é a bhí ann ná sraith ardán ardaithe cré a raibh fál adhmaid timpeall

orthu agus ar ar tógadh tithe ina dhiaidh sin, rinne siad í a dhaingniú ina dhiaidh sin le ballaí cloiche ag deireadh an 12ú haois.

Níl ach dornán struchtúr meánaoiseach agus iarmheánaiseach luath os cionn talún, cuir i gcás Túr na Mainistreach Deirge agus Dún Eilíse. Tá patrún sráide na meánaoise le feiscint i dtírdhreach Chorcaí na linne seo in áiteanna dá leithéidí na Príomhshráideanna Thuaidh agus Theas, arbh iadsan lárchonair na cathrach meánaoisí a raibh lánaí agus ceapacha ag síneadh amach uathu go dronuilleach i dtreo bhalla na cathrach.

Chruthaigh tábhacht Chorcaí mar ionad trádála agus mar chalafort ceannaithe muirí san ochtú haois déag agus sa naoú haois déag seandálaíocht thionsclaíoch agus iarsmaí stairiúla atá le feiscint go fóill, e.g. Margadh an Ime sa tSeandún agus na Trádstóras faoi Bhanna i gCalafort Chorcaí. Tá raon foirgneamh muilte sna sráidbhailte cois abhann in aice láimhe, Dúglas agus Gleann Maghair. Is suíomh faoi leith oidhreachta tionsclaíochta é na muilte púdair ghunna i mBaile an Chollaigh, i bhfianaise a mhéad atá sé (53 heicteár), raon na bhfoirgneamh a tháinig slán agus an chórais chanálacha.

Tá 60 suíomh seandálaíochta i gCathair Chorcaí, a shíneann ó ghallán réamhstairiúil go balla meánaoiseach na cathrach. Tá c.400 suíomh sna bailte, sna sráidbhailte agus sa cheantar máguaird (mar a liostaítear i dTaifead RMP na Séadchomharthaí agus Áiteanna). Tá idir shuíomhanna cócaireachta réamhstairiúla - fulacht fia - agus láithreacha caisleán mór, dá leithéidí Chaisleán na Blarnan, i gceist.

Laistigh de limistéar na cathrach chomh maith tá roinnt láithreán eaglaise agus reilige a bhfuil go leor acu tábhachtach sa mhéid is gur reiligí gníomhacha

iad, ach go bhfuil gnéithe agus struchtúir thábhachtacha sheandálaíochta iontu chomh maith céanna.

Tá roinnt polasaithe i bPlean Forbartha Chathair Chorcaí chun ár n-oidhreacht seandálaíochta a chosaint, a thaifeadadh agus a chur chun cinn. Clúdaíonn siad seo réimsí dá leithéidí láithreáin aitheanta seandálaíochta a chosaint, mar aon le láithreáin nua-aimsithe, forbairt ar reiligí agus seandálaíocht thionsclaíoch.

---

## 1.7.2 Ailtireacht agus an Oidhreacht Thógtha

Insíonn ailtireacht agus timpeallacht thógtha Chathair Chorcaí scéal a forbartha tráchtála agus sóisialta le himeacht ama, agus tugann siad cuntas ar dhul chun cinn na cathrach agus ar stíl mhaireachtana mhuintir Chorcaí in imeacht na gcéadta bliain. Léiríonn oidhreacht thógtha na cathrach chomh maith na teicnící agus na hábhair dhifriúla thógála a úsáideadh agus dearáí agus stíleanna an ama atá caite.

Is díol mór suntais iad foirgnimh ón ochtú haois déag go dtí an fichiú haois atá i lár Chathair Chorcaí. Tá idir thithe móra agus tithe tuaithe ar na cnoic ar an taobh ó thuaidh agus ó dheas den chathair, sraitheanna tithe Seoirseacha a bhaineann leis an arm, na sépéil agus na hardeaglaisí i gceist mar aon leis na tithe aon urláir agus dhá stór a cuireadh ar fáil do na hoibrithe tionsclaíocha. Is léiríú ar fhorás mór geilleagrach na linne sin iad na muilte, na trádstórais, na drioglanna agus na grúdlanna agus na foirgnimh thionsclaíocha agus mhuirí eile sa chathair.



Gné mhór d'oidhreacht thógtha Chorcaí is ea na foirgnimh iontacha eaglaise. Is díol suntais faoi leith iad séipéil thosach an ochtú haois déag, e.g. Naomh Peadar agus Teampall Chríost, ar chuid de chlár mór atógála iad a rinneadh tar éis Léigear Chorcaí (1690) a thug oidhreacht uathúil don chathair ón tréimhse sin. Tháinig roinnt samplaí breátha d'aitireacht chlasaiceach tithe cónaithe slán ón tréimhse sin chomh maith, e.g., tithe brící dearga de stíl Anne Banríon, cuir i gcás 50 Cé an Phápa nó 11 Plás Emmet.

Gné shuntasach d'uathúlacht na cathrach is ea na grúpaí foirgneamh dúchasach atá i gceantar stairiúil lár na cathrach, agus sna bruachbhailte is sine, cuir i gcás Sráid an tSeandúin agus Sráid na Beairice. Tá gnéithe uathúla gan a bheith rófheiceálach ag na foirgnimh seo, a ndearnadh cuid díobh as brící, ach ar cloch phlástráilte atá ina bhformhór acu, a bhfuil díonta ardchrochta slinne acu atá le feiscint go soiléir ó leibhéal na sráide. I measc na ngnéithe sin tá dronnaghaidheanna, fuinneoga dormánta, agus stuanna claonta os cionn na bhfuinneog, a thugann naisc thrádála agus chultúir níos dlúithe le deisceart Shasana, leis an Ísiltír agus leis an mBeilg agus le Meiriceá ná le Baile Átha Cliath i fios.

Ón naoú haois déag tá iliomad foirgneamh cathartha agus institiúideach againn, an dá Ardeaglais,

foirgneamh Chalafort Chorcaí agus Trádstóras faoi Bhanna, foirgneamh maorga na nOibreacha Uisce ar Bhóthar na Laoi, séipéil, scoileanna, clochair, agus mainistreacha, ar díol mór suntais iad Séipéal Muire ar Ché an Phápa nó Séipéal Naomh Uinseann a bhfuil radharc aige ar an abhainn ó Thobar Rí an Domhnaigh.

Is buaicléiriú ar ailtireacht Chorcaí an fichiú haois é Séipéal Chríost an Rí a bhfuil cáil idirnáisiúnta air. Ina dhiaidh sin, i lár an fichiú haois, is léiriú iad na heaglaisí agus na scoileanna, clochair agus séipéil dea-dheartha a ghabhann leo ar dhíol spéise ríthábhachtach d'oidhreacht Chathair Chorcaí iad, rud a léiríonn go ndearna Cathair Chorcaí forás riamh anall agus gur ghlac sí chuici féin nuálaíocht ailtireachta. Tá deiseanna ann le forbairtí nua sa chathair i gceantair dá leithéidí na ndugthailte leanúint den chur chuige samhlaíoch agus nuálaíoch sin i leith dearadh ailtireachta san aonú haois is fiche.

D'fhás an chathair amach chun bailte agus sráidbhailte in aice láimhe a ghabháil, rud a mhéadaíonn raon na hoidhreachta. Ina measc sin tá, mar shampla, na lonnaíochtaí tionsclaíochta sa Bhlarna agus i nDomhnach Broc, na sráidbhailte cois abhann i nDúglas agus i nGleann Maghair agus na muilté púdair ghunna i mBaile an Chollaigh.







Is gné lárnach í an timpeallacht thógtha stairiúil maidir le féiniúlacht a thabhairt do gach ceantar áitiúil agus is léiriú fisiciúil í ar ár stair áitiúil. B'fhéidir nach foirgnimh amháin atá i gceist, óir d'fhéadfadh gnéithe dá leithéidí droichid nó lánáí céimnithe, fuinneoga nó doirse, ballaí cloiche nó ráillí, seanumar nó bosca poist agus fiú plaic nó ainmchlár a bheith i gceist. Is féidir leis na rudaí sin go léir féiniúlacht a thabhairt d'áit, a idirdhealaíonn í ó áiteanna eile, agus a nascann leis an am atá caite sinn agus leis na daoine a mhúnláigh ár gcathair.

Cé go gceapfaí, ar an gcéad radharc, nach díol mór suntais iad foirgnimh na cathrach agus na mbruachbhailte astu féin, cuireann siad le sainghné an cheantair nuair a fhéachtar orthu i dteannta a chéile. Is Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (ACA) iad áiteanna dá leithéidí Bóthar Wellington/Crosaire Lúcaís Naofa, an Phríomhshráid Thuaidh agus Cnoc Mhig Reachtain/Ascaill Uí Mhathúna. Tá 38 ACA san iomlán i gceantar Chathair Chorcaí.

Tá breis is 1,100 foirgneamh agus déanmhas i gCathair Chorcaí a ainmníodh ina nDéanmhais Chosanta. Déantar é sin nuair is dóigh le Comhairle

Cathrach Chorcaí go bhfuil déanmhas nó foirgneamh ina ábhar spéise ar leith ó thaobh ailtireachta, staire, seandálaíochta, ealaíne, cultúir, eolaíochta, sóisialta nó teicniúlachta. Liostaítear na foirgnimh sin ar an Taifead ar Dhéanmhais Chosanta (RPS). Mhol staidéar a rinne Fardal Náisiúnta na hOidhreacht Ailtireachta (NIAH) ar lár na cathrach go gcuirfí breis agus 1,500 déanmhas breise san áireamh san RPS.

Tá roinnt scéimeanna ar siúl chomh maith chun oidhreacht thógtha na cathrach a fheabhsú. Ina measc sin tá scéimeanna deontas caomhantais do dhéanmhais chosanta agus ACAnna, agus díolúintí sna Rialacháin Phleanála do tháillí iarratais phleanála le haghaidh oibreacha ar Dhéanmhais Chosanta, a dteastaíonn cead planála uathu.

Tá polasaithe sa Phlean Forbartha do Chathair Chorcaí chun oidhreacht ailtireachta agus thógtha Chorcaí a chosaint. San áireamh orthusan tá polasaí chun spreagadh a thabhairt d'athchóiriú na timpeallachta tógtha stairiúla agus sraith beart chun foirgnimh atá ar an Taifead ar Dhéanmhais Chosanta (RPS) i Limistéir lena mbaianeann Tréithiúlacht Shainiúil (ACAnna) a chosaint agus a chaomhnú.

## 1.7.3 Oidhreacht Chultúrtha

Tá a fhios ag aon duine a thug cuairt ar Chathair Chorcaí riamh go mbraitheann muintir Chathair Chorcaí a bhféiniúlacht chultúir go láidir agus go bhfuilimid an-bhródúil as ár n-oidhreacht chultúrtha.

Is deacair oidhreacht chultúrtha a shainmhíniú. Is minic a thagraíonn an téarma oidhreacht chultúrtha do mhúsaeim, do chartlanna agus do leabharlanna agus dóibhsean amháin. D'fhéadfaidh sé, mar sin féin, go mbeadh gnéithe dár n-oidhreacht i gceist, cuir i gcás stair áitiúil, ginealas, stair ó bhéal agus béaloideas, agus fiú bia traidisiúnta. Tá oidhreacht chultúrtha le fáil chomh maith i ngnéithe dár n-oidhreacht atá neamhfhollasach agus nach bhfuil chomh hinláimhsithe céanna, cuir i gcás tuin chainte, nathanna cainte, nósanna áitiúla, agus cuimhní comhchoiteanna. Chun scéal fada a dhéanamh gearr, nascann ár n-oidhreacht chultúrtha sinn leis an áit as a dtagaimid, tugann sí fócas níos soiléire dár

saol laethúil agus cruthaíonn sí tuiscint ar ár gcathair mar áit atá uathúil agus speisialta.

Tá an t-ádh ar Chathair Chorcaí go bhfuil oidhreacht chultúrtha shaibhir agus éagsúil aici. Tá músaeim, cartlanna, leabharlanna agus áiseanna oideachais tríú leibhéal lonnaithe ann, ar stór do bhailiúcháin shuimiúla agus luachmhara earraí oidhreachta iad, nithe ar díol spéise iad go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Cuid den oidhreacht chultúrtha is ea ár dtraidisiúin mhuirí agus ár naisc leis an Laoi agus leis an bhfarraige. Tá baint nach beag ag an abhainn leis an gcathair agus chuaigh sí i gcion ar fhorbairt na cathrach a mhúnlú ach meán iompair, cumarsáide, cosanta, tráchtála, bithéagsúlachta agus áineasa a chur ar fáil. Léirítear oidhreacht mhuirí Chorcaí chomh maith in armas na cathrach "Statio Bene Fida Carinis" - cuan sábháilte do longa.



Léirítear stair fhada mhíleata Chorcaí i líon na ndún atá scaipthe ar fud na cathrach m.sh. Dún Eilíse, Caisleán na Dúcharraige agus Dún Uí Choileáin agus in ainmneacha na sráideanna, cuir i gcás Bóthar Wellington, Sráid Mhic Curtáin, An Cnoc Míleata. Tá stair fhada shuimiúil mhíleata ag Muilte Púdair Ghunna Bhaile an Chollaigh. Iarsma den am atá caite i gCorcaigh is ea bia traidisiúnta dá leithéidí riuileog, drisín agus mairteoil spíosraithe, tráth a raibh Coraigh ina calaphort trádála agus a ndearna sí saibhreas as earraí a sholáthar do choilínreachtaí na Breataine, agus cé nach cathair dhátheangach í, tá oidhreacht láidir Ghaeilge ag Corcaigh agus aici naisc leis na ceantair Ghaeltachta atá lasmuigh den chathair.



Tá suim mhór ag muintir na cathrach i ngach gné den oidhreacht shaibhir seo. Léirítear é seo i líon na ngrúpaí agus na n-eagraíochtaí staire áitiúla atá gníomhach ag cur oidhreacht na cathrach chun cinn, agus is ar bhonn deonach a dhéanann an chuid is mó díobh é sin.

Soláthraíonn Comhairle Cathrach Chorcaí lárphointe do ghníomhaíochtaí oidhreachta cultúrtha de bhun obair Chartlann Chathrach agus Chontae Chorcaí, Mhúsaem Poiblí Chorcaí agus Leabharlanna Cathrach Chorcaí chomh maith leis na hOifigigh Ealaíon, Spóirt agus Ghaeilge.



## 1.7.4 Oidhreacht Nádúrtha agus Bithéagsúlacht

Bhí rath ar an Oidhreacht Nádúrtha i gCorcaigh i gcónaí, rud atá neamhghnách do thimpeallacht uirbeach, toisc gur tógadh ar inbhear agus ar bhogaigh í dar ndóigh.

Tá suíomh tarraingteach fisiciúil ag cathair Chorcaí, atá tógtha ar ghaineamhchloch rud agus ar aolchloch bhán, suíomh a mhúnlaigh Gleann agus Inbhear na Laoi agus atá suite i measc na n-iomairí a ardaíonn ó thuaidh sa tSeanchill, in Montenotte agus in Tivoli agus ó dheas in Maryborough agus sa Ghráinseach.

Síneann an Laoi, atá 65 ciliméadar ar fad, soir siar óna foinse i nGúgáin Barra trí chroílár na cathrach, agus í ag scoilteadh ina Cainéil Thuaidh agus Theas, sula sreabhann sí amach san fharráige ag cuan domhain nádúrtha Chorcaí. Tá ról tábhachtach ag na haibhneacha agus na huiscebhealaí i leagan amach agus i struchtúr na cathrach agus is gné dhílis de shain-tírdhreach na cathrach iad.

Is minic a dhéantar neamhaird de Gheolaíocht Chathair Chorcaí ach is gné lárnach dár n-oidhreacht nádúrtha í a shainíonn tírdhreach agus leagan amach na cathrach. Deirtear go léiríonn dathanna dearga agus bána bhratach Chorcaí an ghaineamhchloch rua agus an aolchloch bhán, an dá ghné is mó de gheolaíocht na cathrach. Tá an chloch seo á cairéalú agus á húsáid leis na céadta bliain chun foirgnimh agus séipéil shuntasacha a thógaint ar fud na cathrach.

### **Tá dhá shuíomh Geolaíochta Contae (CGSanna) neamhiniúchta ag Cathair Chorcaí:**

- Cairéal diamaint na Dúcharraige, Baile an Teampaill, (GR 169400, 071400), faoi Théama IGH - IGH 6 Mianeolaíocht.
- Stráice Naomh Seosamh ar Bhóthar na Laoi, (GR 164000, 071400), faoi Théama IGH - IGH 10 Deavónach





Tá go leor mamach, éan, inveirteabrach agus plandaí fiáine tar éis dul in oiriúint don saol i dteannta daoine inár dtírdhreach uirbeach. Cuireann áiteanna dá leithéidí spásanna oscailte agus páirceanna poiblí, siúlbealaí, machairí gailf, páirceanna imeartha, reiligí agus gairdíní tithe fo-uirbeacha, cuireann siad gnáthóga uirbeacha agus tearmann ar fáil don fhiadhúlra sa chathair.

Tá gnáthóga agus fiadhúlra le fáil sna háiteanna is neamhghnáthaí. Tá an Slán Iomaire deargbhlátha, bándearg-bhlátha agus bánbhlátha (*Centranthus ruber*), chomh maith le bláthanna corcra agus bána an Bhuafáin Eidhneánaigh (*Cymbalaria muralis*), le

fáil in áiteanna difriúla sa chathair, ina measc ballaí uirbeacha, fásaigh agus droichid.

Feictear an Gabhlán Gaoithe (*Apus apus*) ag déanamh neadracha i sceimhleacha na dtithe ar an taobh ó thuaidh den chathair, agus caitheann an Guilbneach Earrdhubh (*Limosa*), éan atá i mbaol, an geimhreadh faoi urdhún foscúil Chaisleán na Dúcharraige. Tuairiscítear go dtugann níos mó ná 30 saghas éin cuairt ar ghnáth-ghairdíní lár na cathrach, agus go n-eitlíonn go leor saghsanna éin imirce eile os cionn na cathrach agus chonacthas an Fabhcún Gorm (*Falco peregrinus*) ag lorg creiche ar feadh na Laoi.





Feictear madraí uisce (Lutra) ag macnas ar feadh bhruacha na habhann, agus feictear Sionnaigh (*Vulpes vulpes*) ag téaltú leo i ngairdíní cúil fo-uirbeacha agus bíonn roinnt speiceas ialtóige, m.sh. ialtóga Feascraha (*Pipistrellus pipistrellus*) agus ialtóga Leisler (*Nyctalus leisleri*), ar thóir feithidí timpeall an Locha.

Maireann speicis éisc dá leithéidí an Bhradáin (*Salmo Salar*) agus an Milléid Ghlais (*Crenimugil labrosus*) le fáil sa Laoi agus bíonn an Rón Cuain (*Phoco vitulina*), an Deilf (*Delphinus delphis*) agus an Chráin Dhubh (*Orcinus orca*) le feiscint anois is arís agus iad ag déanamh iontais do mhuintir Chathair Chorcaí.

Tugann ceantair ar nós na Blarnan, Bhaile an Chollaigh, an Dúglais agus Ghleann Maghair oidhreacht nádúrtha níos éagsúlaí agus níos neamhthógtha dúinn lena gcoillearnacha, a locha agus a bportaigh, agus baineann deis leo conairí éiceolaíochta an-luachmhar a chruthú idir lár na cathrach agus réigiúin lasmuigh den chathair.

Tá raidhse suíomhanna laistigh de limistéar Chathair Chorcaí cosanta faoi reachtaíocht Náisiúnta agus AE. Tá liosta de SPA agus pNHA le fáil in Aguisín 2

Tá roinnt polasaithe sa Phlean Forbartha do Chathair Chorcaí chun ár n-oidhreacht nádúrtha a chosaint. Ina measc sin tá polasaithe chun conairí abhann, crainn agus limistéir shainithe agus neamhshainithe a bhfuil tábhacht nádúrtha leo a chosaint

---

## 1.8 Oidhreacht agus Bithéagsúlacht i gceantar máguaird Chathair Chorcaí

Cuireadh fáilte in 2019 roimh roinnt limistéar nua i gCathair Chorcaí. Tá éagsúlacht mhór idir na bailte sin ó thaobh saghais, scála agus tréithe. Is maith ann na limistéir bhreise sin in oidhreacht na cathrach agus fáiltítear rompu. Leagtar amach in Aguisín 1 cuid de na gnéithe sainiúla sin ar scríobh staraithe áitiúla as Gleann Maghair, as an Dúglas, ón mBlarna agus ó Bhaile an Chollaigh mar gheall orthu.

## 1.9 Luach na hOidhreachta

### 1.9.1 Pobail agus Caighdeán Saoil

Tá an-luach leis an oidhrecht ar leibhéal áitiúil do phobail atá laistigh de limistéar Chomhairle Cathrach Chorcaí. Pé acu sa Linn Dubh nó i mBaile an Chollaigh, sa Ghort Álainn nó Machain, sa Ghlaisín nó i nGleann Maghair é, cabhraíonn oidhrecht áitiúil áite le scéal an ama atá caite a insint, ach tugann sí leideanna chomh maith faoin bhforás a tháinig ar an áit le himeacht ama. I ndomhan atá ag athrú go tapaigh, tugann sé seo mothú na féiniúlachta agus mórtas áite, agus sláine don phobal agus feabhsaíonn sé caighdeán an tsaoil go mór.

Tá go leor tuarascálacha ann a thaispeánann tábhacht na bithéagsúlachta dár sláinte agus dár bhfolláine mheabhrach agus fhisiciúil. Níor léire riamh é sin gur tharla dianghlasáil Covid 19 in 2020/2021. Ba mhór an sochar do mheabhairshláinte agus d'fholláine daoine a bheith in ann taitneamh a bhaint as an timpeallacht, pé acu an ag faire ar éin fhiáine sa ghairdín nó ag siúl sa dúlra a bhí siad i rith na tréimhse sin. Ceann de na ceachtanna nach mór dúinn a fhoghlaim ón eispéireas sin is ea an tábhacht a bhaineann lena bheith in ann teacht go héasca ar rud éigin atá glas agus fiáin, pé acu spás oscailte in eastát tithíochta nó páirc bheag phoiblí sa chathair é.

### 1.9.2 Geilleagar agus Turasóireacht

Baineann luach eacnamaíoch leis an oidhrecht don chathair. Tá ról tábhachtach aige maidir le caighdeán an tsaoil a fheabhsú do shaoránaigh agus cuireann sé le Corcaigh a bheith ina háit iontach le cónaí ann, le hoibriú ann agus le staidéar a dhéanamh ann, rud

a spreagann infheistíocht isteach agus fiontraíocht dhúchasach chomh maith le tionscail, fiontraithe agus lucht saothair atá ann cheana féin a chothú. Is eol dúinn go bhfuil luach geilleagrach ag baint leis an oidhrecht, mar shampla léirigh staidéar a rinne Scoil Ghnó COC le déanaí gur ghin Lá Oscailte Oidhreachta Chorcaí €30 ar gach €1 a caitheadh ar an imeacht oidhreachta.

\*Is gné ríthábhachtach de thionscal na turasóireachta í an oidhrecht chomh maith. Léirítear é seo sa *Tourism Recovery Plan 2020-2023* de chuid Fáilte Éireann a cuireadh amach le déanaí, ina luaitear gurbh “í oidhrecht thógtha agus nádúrtha na hÉireann an bhunchloch ar ar forbraíodh turasóireacht na hÉireann”.

Léiríonn suirbhéanna ar thurasóirí arís agus arís eile go bhfuil an oidhrecht ar cheann de na príomhdhíola spéise do chuariteoirí chun na hÉireann agus go dtéann beirt as gach triúr cuairteoirí chuig láithreán oidhreachta nó chuig áit is díol spéise do chuariteoirí. I staidéar a rinneadh le déanaí ar an gcúis a roghnaíonn daoine Éire dá laethanta saoire, luaigh 93% de dhaoine radharcra álainn agus dúirt 88% gurbh iad tarraingtí nádúrtha ba chúis le hÉirinn a roghnú mar cheann scribe saoire. Tá méadú ag teacht ar an turasóireacht oidhreachta agus chultúrtha ar fud an domhain agus dar le Fáilte Éireann in 2018, d'fháiltigh Corcaigh roimh 17% den 9.609 milliún turasóir ón gcoigríoch a tháinig go hÉirinn, rud a fhágann gur caitheadh 11% den chaiteachas turasóireachta €5,217bn in Éirinn. Thug muintir na hÉireann 1.3 milliún turas ar Corcaigh (12% de 10,918 milliún turas baile in 2018) agus chaith siad €226m (11% de chaiteachas turasóireachta inféire).


\**Tourism Recovery Plan 2020-2023 de chuid Fáilte Éireann*












# Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chathair Chorcaí





## 2.1 Cúlra Beartais agus Reachtaíochta



Sainmhínítear oidhreacht faoin Acht Oidhreachta 1995 ina hearraí dá leithéidí séadchomharthaí, réada seandálaíochta, réada oidhreachta, oidhreacht ailtireachta, flóra, fána, gnáthóga fiadhúlra, tírdhreacha, muirdhreacha, raiceanna, geolaíocht, gairdíní agus páirceanna oidhreachta agus uiscebhealaí intíre.

Aithnítear tábhacht na hoidhreachta leis i bPlean Corparáideach Chathair Chorcaí (2020-2024) agus i Straitéis Oiriúnaithe don Athrú Aeráide 2019-2024 de chuid Chomhairle Cathrach Chorcaí. Cuideoidh Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chathair Chorcaí le Plean Forbartha na Cathrach (atá á chur le chéile) chomh maith.

Freagraíonn ullmhú Phlean nua Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chathair Chorcaí (2021-2026) chomh maith do riachtanais na mbeartas agus na bpleananna difriúla náisiúnta, ina measc an Plean Náisiúnta Bithéagsúlachta (2017-2021), Oidhreacht Éireann 2030 (á chur le chéile), Plean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide 2019, Plean RSES RPO 126 “Bithéagsúlacht”, Straitéis Croí na Comhairle Oidhreachta (2018-2020), agus an Plean Uile-Éireann um Pailineoirí.







## 2.2 A bhfuil i bPlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chathair Chorcaí

Is plean gnímh é Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chathair Chorcaí (2021-2026) agus leagann sé amach sraith gníomhartha réalaíocha agus praiticiúla chun ár n-oidhrecht a chaomhnú agus a bhainistiú thar na cúig bliana atá romhainn amach mar aon le modheolaíocht dá gcur i bhfeidhm. Áirítear i bPlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chathair Chorcaí gníomhartha um an Oidhrecht Thógtha, Chultúrtha agus Nádúrtha, agus dá bhrí sin is Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta le chéile é.

Tháinig roinnt dúshlán chun solais ón measúnú a rinneadh ar an bPlean Oidhreachta roimhe seo agus ar an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí. Ina measc sin tá dul i ngleic le suíomhanna tréigthe agus folmha, codanna níos sine den chathair a fhorbairt go cuí, cuir i gcás an Phríomhshráid Thuaidh agus Theas agus bithéagsúlacht agus crainn a chosaint. Sonraíodh gur ghá obair a dhéanamh go héifeachtúil agus go héifeachtach le príomhpháirtithe leasmhara chun aidhmeanna Phlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chathair Chorcaí (2021-2026) a bhaint amach.



Ciallaíonn sé sin, go praiticiúil, go bhfuil líon réadúil gníomhartha sa Phlean nua, arb é is aidhm leis a chur ar chumas an phobail ar fad páirt a ghlacadh san obair a bhaineann le cúram a dhéanamh dár n-oidhreacht áitiúil agus í a bhainistiú. Déanfaidh sé áisitheoireacht do pháirtithe leasmhara ábhartha agus do dhaoine eile obair as lámha a chéile chun torthaí a bhaint amach ar bhealach comhthairbheach, agus meas ar shaineolas na bpáirtithe uile agus luach saothar á fháil acu.

Cuirfidh an Plean le geilleagar Chathair Chorcaí leis ach a dtacóidh sé leis na hearnálacha turasóireachta agus áineasa agus le sláinte agus folláine ár bpobal, a bhfuil ár n-oidhreacht nádúrtha, thógtha agus chultúrtha mar bhonn agus mar thaca acu go léir. Leagadh amach gníomhartha an Phlean d'fhonn leasanna na bpáirtithe agus an lucht leasmhair go léir a chothromú, ina measc úinéirí foirgnimh agus gnólachtaí, laistigh dár bpobail áitiúla.



## 2.3 Aidhmeanna, Cuspóirí agus Gníomhartha an Phlean

Is í aidhm Phlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chathair Chorcaí (2021-2026) tríd is tríd;

*Oidhrecht agus bithéagsúlacht Chathair Chorcaí a chosaint, a fheabhsú, a chothú agus a athshlánú agus cúram ár n-oidhreachta a chur i gcoilár an phobail.*

Leagann an Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta ceithre théama amach, a dtabharfar fúthu le linn shaolré an Phlean.



### Dea-chleachtas a chur chun cinn agus caomhnú agus bainistíocht na hoidhreachta agus na bithéagsúlachta a spreagadh.

Tá cúram agus bainistiú ár n-oidhreachta i gcoilár aidhm Phlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chathair Chorcaí (2021-2026). Baintear é seo amach de bhun dea-chleachtas a chothú agus cúram, caomhnú agus cosaint ár n-oidhreachta a spreagadh.



### A bheith ar thús cadhnaíochta i ndáil le taighde agus oideachas, agus tacú le hoiliúint i réimsí a bhaineann le hoidhrecht agus le bithéagsúlacht

Tá sé tábhachtach cur lenár n-eolas ar an oidhrecht ach comhoibriú le lucht acadúil agus le hinstiúidí agus comhlachtaí taighde, taighde a choimisiúnú, agus deiseanna oiliúna a chur ar fáil dóibhsean ar spéis leo a n-oidhrecht áitiúil a bhainistiú.



### Aird a tharraingt ar an oidhrecht agus ar an mbithéagsúlacht i measc mhuintir Chorcaí agus cuairteoirí araon, mar aon lena meas orthu, a rannpháirtíocht iontu agus an taitneamh a bhaineann siad astu a mhéadú agus teachtaireacht na hoidhreachta a chur in iúl dóibh.

Tá gá le dea-chumarsáid chun aird a tharraingt ar shaincheisteanna oidhreachta agus chun tacaíocht an phobail a spreagadh do chosaint ár n-oidhreachta agus do chúram a dhéanamh di, agus ag an am céanna áisitheoireacht a dhéanamh do rannpháirtíocht in oidhrecht shaibhir Chathair Chorcaí agus do thaitneamh a bhaint aisti i measc cách. Beidh ról lárnach ag imeachtaí oidhreachta maidir le níos mó daoine a mhealladh chun a n-oidhrecht a iniúchadh agus taitneamh a bhaint aisti.



### Leibhéal gníomhaíochta sóisialta, cultúrtha, eacnamaíche agus turasóireachta a mhéadú i ndáil leis an oidhrecht leis an mbithéagsúlacht sa chathair

Tá ról lárnach ag grúpaí agus eagraíochtaí oidhreachta, ag daoine aonair díocasacha agus ag pobail áitiúla maidir le cúram a dhéanamh dár n-oidhrecht agus aird agus eolas uirthi a mhéadú. Caithfear tacú lena gcuid oibre, agus ní mór dúinn tabhairt faoin dúshlán a bhaineann le níos mó daoine ar fud na cathrach a bheith rannpháirteach san obair seo ar bhealach comhthairbheach. Tá an oidhrecht mar bhonn agus mar thaca ag tionscal na turasóireachta chomh maith agus is gné thábhachtach de ghníomhaíochtaí áineasa lasmuigh í.

Tá gach cuspóir ag teacht le haidhm an phlean trí chéile. Tá roinnt gníomhartha ag gabháil le gach cuspóir agus leagtar amach an tslí a bhainfear an cuspóir amach. Nuair is féidir; tá na gníomhartha soiléir agus luaitear príomhtháscairí feidhmíochta (KPI) le gach gníomh. Tá sé tábhachtach, mar sin féin, go mbeadh an Plean solúbtha chun freagairt do chúinsí agus d'acmhainní tráth a chuirfí i bhfeidhm é.





# Gníomhartha an Phlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta





# Téama 1: Dea-chleachtas a chur chun cinn agus caomhnú agus

Uimh.	Cuspóir	Gníomh
1.1	Gealltanais Chomhairle Cathrach Chorcaí don Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí a chur i bhfeidhm	Gníomhartha Chomhairle Cathrach Chorcaí mar chuid dá gealltanais don Phlean Náisiúnta um Pailneoirí a fhaire agus a fhoilsiú
1.2		Athbhreithniú a dhéanamh ar úsáid lotnaidicídí sa Chomhairle Cathrach agus geallúint go laghdófar faoi 80% iad faoi 2022.
1.3		A bhunú le coinníollacha pleanála go ndéanfaí speicis dhúchasacha agus speicis a oireann do phailneoirí a chur i bhforbairtí nua.
1.4		Gealltanais maidir le plandaí pailneoirí agus speicis chúí dhifriúla áitiúla a chur ar thalamh phoiblí agus ar chompail.
1.5		Suíomhanna oiriúnacha a aimsiú don tionscadal athbhunaithe speicis san fhiántas i limistéar Chomhairle Cathrach Chorcaí
1.6	Speicis ionracha choimhthíocha a bhainistiú agus a rialú i gCathair Chorcaí	Measúnú a dhéanamh ar iarrachtaí Chomhairle Cathrach Chorcaí chun Speicis Ionracha Choimhthíocha a bhainistiú agus a rialú
1.7		A bhunú le coinníollacha pleanála go ndéanfaí Speicis Ionracha Choimhthíocha a bhainistiú agus a rialú i bhforbairtí mar is cuí.
1.8	Gníomhartha ábhartha ón staidéar ar an mBonneagar. Glas agus Gorm (2021) a chur i bhfeidhm	Obair a dhéanamh i gcomhar le Ranna difriúla Chomhairle Cathrach Chorcaí chun gníomhartha ábhartha ón staidéar ar an mBonneagar Glas agus Gorm a chur i bhfeidhm go háirithe maidir le téamaí uisce agus cosaint tuilte, tírdhreach agus an cuan, athrú aeráide agus an comhshaol, daoine, sláinte agus folláine an phobail, cultúr, turasóireacht, fóillíocht agus caitheamh aimsire agus go háirithe an bhithéagsúlacht.
1.9	Aibhneacha agus Bogaigh i gCathair Chorcaí a chosaint, a athchóiriú agus a fheabhsú	Gníomhartha ábhartha ón staidéar ar an mBonneagar Glas agus Gorm a chur i bhfeidhm ag féachaint d'aibhneacha agus bogaigh i gCathair Chorcaí a athshlánú agus a fheabhsú agus bogaigh chonairí uisce a neartú chun bhithéagsúlacht a chothú chomh maith agus is féidir.
1.10	Gnáthóga agus Speicis Ainmnithe a chosaint agus a chothú	Limistéir mhaolánacha a shonrú thart ar na láithreáin ainmnithe Eorpacha laistigh de limistéar Chomhairle Cathrach Chorcaí agus obair a dhéanamh i gcomhar leis an NPWS chun na limistéir sin a chosaint agus a fheabhsú.
1.11		Suirbhé ar Mhadraí Uisce i gCuan Chathair Chorcaí a dhéanamh
1.12	Ceisteanna a bhaineann le Truailliú Solais a fhiosrú	Obair a dhéanamh le páirtithe leasmhara cuí chun ceisteanna a bhaineann le truailliú solais i gCathair Chorcaí a fhiosrú
1.13	Clár Bainistithe Crann a chur le chéile	Plean bainistithe crann a chur le chéile do Chathair Chorcaí.
1.14		Gealltanais a thabhairt go ndéanfaí crainn dhúchasacha a athshlánú agus a chur ar thalamh phoiblí agus an brat crann a mhéadú. An brat crann dúchasach, coillearnacha agus fála sceaigh a athshlánú agus a leathnú.

# bainistíocht oidhreachta agus bithéagsúlachta a spreagadh

	Ábhar	Comhpháirtithe Féideartha	Fráma ama	Príomhtháscaire Feidhmíochta
	Bithéagsúlacht	An tOifigeach Oidhreachta Rannóg na bPáirceanna i gComhairle Cathrach Chorcaí An Plean Uile-Éireann um Pailneoirí	Clár bliantúil Bliain 1 go 5	Líon gníomhaíochtaí an Phlean Pailneoirí a cuireadh i gcrích Gníomhartha a fhoilsiú gach bliain
	Bithéagsúlacht	Rannóg na bPáirceanna i gComhairle Cathrach Chorcaí	Clár bliantúil Bliain 1 go 5	Laghdú ar an úsáid a bhaineann Comhairle Cathrach Chorcaí as lotnaidicídí
	Bithéagsúlacht	An tOifigeach Oidhreachta An Rannóg Bhainistithe Pleanála agus Forbartha	Bliain 1	Coinníoll pleanála maidir le speicis dhúchasacha agus speicis a oireann do phailneoirí san áireamh
	Bithéagsúlacht	Rannóg na bPáirceanna i gComhairle Cathrach Chorcaí	Clár bliantúil Bliain 1 go 5	25% de na scéimeanna bliantúla ceapóg bláthanna a athrú go plandú ilbhliantúil a oireann do phailneoirí
	Bithéagsúlacht	An tOifigeach Oidhreachta Rannóg na bPáirceanna i gComhairle Cathrach Chorcaí An pobal áitiúil	Bliain 2 agus Bliain 3	Limistéar don bhithéagsúlacht a chur i ngach páirc phoiblí faoi 2023 Leanúint de mhóinéir bláthanna fiáine a bhunú i spás oscailte
	Bithéagsúlacht	Rannóg na bPáirceanna i gComhairle Cathrach Chorcaí An tOifigeach Oidhreachta	Clár bliantúil Bliain 1 go 5	Leanúint den chlár reatha cóireála (i mBliain 3 anois). Suíomhanna nua a chur leis an gclár de réir mar a shonraítear iad
	Bithéagsúlacht	An tOifigeach Oidhreachta An Rannóg Bhainistithe Pleanála agus Forbartha	Bliain 1	Coinníoll pleanála um Speicis Ionracha Choimhthíocha san áireamh
	Bithéagsúlacht	Sonraíodh lucht leasa go léir sa bhonneagar glas agus gorm. An tOifigeach Oidhreachta An tAonad um Beartas Pleanála	Clár bliantúil Bliain 1 go 5	Líon na ngníomhartha a cuireadh i bhfeidhm ó staidéar GBI.
	Bithéagsúlacht	Sonraíodh lucht leasa go léir sa bhonneagar glas agus gorm. An tOifigeach Oidhreachta An tAonad um Beartas Pleanála	Clár bliantúil Bliain 1 go 5	Gníomhartha ón staidéar ar an mBonneagar Glas agus Gorm ag féachaint d'aibhneacha agus bogaigh a athshlánú agus a fheabhsú agus líonraí conairí uisce a neartú i gCathair Chorcaí curtha i bhfeidhm.
	Bithéagsúlacht	An tAonad um Beartas Pleanála An tOifigeach Oidhreachta NPWS	Clár bliantúil Bliain 1 go 5	Limistéar maolánach sonraithe agus curtha i bhfeidhm. Monatóireacht ar thionchar
	Bithéagsúlacht	An tOifigeach Oidhreachta Líonra Dúlra Chorcaí	Bliain 2	Suirbhé déanta
	Bithéagsúlacht	An tOifigeach Oidhreachta An tAonad um Beartas Pleanála Lucht leasa cuí	Bliain 3	Rinneadh truailliú solais a fhiosrú
	Bithéagsúlacht	Rannóg na bPáirceanna i gComhairle Cathrach Chorcaí	Bliain 3	Cuireadh plean bainistithe crann le chéile
	Bithéagsúlacht	Rannóg Páirceanna, Tithíochta agus Bóithre i gComhairle Cathrach Chorcaí agus an Pobal áitiúil mar is cuí	Clár bliantúil Bliain 1 go 5	1500 crann dúchasach na hÉireann a chur in aghaidh na bliana



## Téama 1: Continued

Uimh.	Cuspóir	Gníomh
1.15	Gníomhartha ábhartha ón bPlean Oiriúnaithe don Athrú Aeráide (2019-2024) a chur i bhfeidhm	Obair a dhéanamh i gcomhar le Ranna difriúla Chomhairle Cathrach Chorcaí chun gníomhartha ábhartha ón Straitéis Oiriúnaithe don Athrú Aeráide 2019-2024 a chur i bhfeidhm go háirithe maidir le <b>Gníomh 9.3 (b)</b> : Agus beartais á bhforbairt agus bonneagar glas á phleanáil agus á chur ar fáil, a chinntiú go gcoimeádtar criosanna maolánacha cuí agus go gcosnaítear iad chun tionchair fhéideartha ar ghnáthóga ainmnithe nó ar speicis agus gnáthóga faoi chosaint a sheachaint agus chun bithéagsúlacht níos leithne a chosaint agus a fheabhsú. Cuspóir 13 An comhshaol nádúrtha a chosaint, a fheabhsú agus a athshlánú agus an bhithéagsúlacht a chothú.
1.16	Dul i ngleic le foirgnimh thréigthe agus fholmha go háirithe i gceantair stairiúla Chathair Chorcaí	Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar Phlean Bainistithe na Príomhshráide Thuaidh agus Theas i gcomhpháirtíocht le gnólachtaí áitiúla agus leis an bpobal agus amlíne a chruthú chun gníomhartha tosaíochta a chur i bhfeidhm
1.17		Plean Bainistithe Cheantar an tSeandúin a chur le chéile i gcomhpháirtíocht le gnólachtaí áitiúla agus leis an bpobal agus amlíne a chruthú chun gníomhartha tosaíochta a chur i bhfeidhm
1.18		Limistéir stairiúla thosaíochta eile a shonrú laistigh de limistéar na Comhairle Cathrach le haghaidh pleananna bainistithe amach anseo
1.19		Dul i gcomhairle le ranna ábhartha laistigh den Chomhairle Cathrach chun a chinntiú go ndéantar an reachtaíocht forfheidhmiúcháin a chur i bhfeidhm oiread agus is féidir i ndáil le foirgnimh thréigthe, fholmha, sáruiithe pleanála agus comharthaíocht mhíchúí.
1.20		Treoir forbartha a chruthú agus a nuashonrú go sonrach do cheantair stairiúla chun a chinntiú go bhfuil forbairt nua oiriúnach agus ag teacht leis an timpeallacht thógtha atá ann cheana féin.
1.21	An comhdhéanamh stairiúil san Fhearann Poiblí a chosaint agus a dheisiú	Buiséad sonrach a aimsiú le haghaidh oibreacha mionscála chun an comhdhéanamh stairiúil san fhearann poiblí a dheisiú agus a athchóiriú e.g. saothrú iarainn stairiúil, plaiceanna, troscán sráide agus roinnt oibre comhdhlúthúcháin ar scála beag agus deisiú foirgneamh.
1.22	An tSeandálaíocht a chosaint agus a fheabhsú sa chathair	Plean Bainistithe Ballaí Cathrach Chorcaí a nuashonrú agus a chur i ngníomh (2008).
1.23		Moltaí ó Phlean Bainistithe Straitéisigh Mhuilté Púdar Gunna Bhaile an Chollaigh a chur i bhfeidhm
1.24		Réimsí tosaíochta taighde seandálaíochta a shonrú
1.25		Dromlach na Meánaoise a mbaineann sainiú tíreolaíoch leis a shonrú agus é a chothú agus a fheabhsú i gcomhpháirtíocht le háitritheoirí agus leis an bpobal gnó
1.26	A chinntiú go gcuirtear Oidhreacht agus Bithéagsúlacht i gcroílár ghníomhaíochtaí Chomhairle Cathrach Chorcaí	Dul i gcomhairle le gach roinn i gComhairle Cathrach Chorcaí lena chinntiú go gcuirtear cúram agus bainistíocht na hoidhreachta san áireamh in obair gach Rannóige de chuid na Comhairle Cathrach agus go gcuirtear nósanna imeachta nua i bhfeidhm chun cumarsáid a chinntiú idir Ranna

	Ábhar	Comhpháirtithe Féideartha	Fráma ama	Príomhtháscaire Feidhmíochta
	Oidhreacht agus Bithéagsúlacht	An tOifigeach um Ghníomhú ar son na hAeráide An tOifigeach Oidhreachta Rannóga Cuí i gComhairle Cathrach Chorcaí	Clár bliantúil Bliain 1 go 5	Líon na ngníomhartha curtha i bhfeidhm
	Oidhreacht Thógtha & Seandálaíocht & Oidhreacht Chultúrtha	An tOifigeach Caomhantais, Seandálaí na Cathrach, An tOifigeach Turasóireachta, An tOifigeach Oidhreachta, Gnólachtaí Áitiúla, Grúpaí pobail	Bliain 2 agus Bliain 3	Plean Bainistithe na Príomhshráide Thuaidh agus Theas nuashonraithe Líon na ngníomhartha curtha i bhfeidhm
	Oidhreacht Thógtha & Seandálaíocht & Oidhreacht Chultúrtha	An tOifigeach Caomhantais, Seandálaí na Cathrach, An tOifigeach Turasóireachta, An tOifigeach Oidhreachta, Gnólachtaí Áitiúla, Grúpaí pobaill	Bliain 4 agus Bliain 5	Plean Bainistithe an tSeandúin leagtha amach Líon na ngníomhartha curtha i bhfeidhm
	Oidhreacht Thógtha & Seandálaíocht & Oidhreacht Chultúrtha	An tOifigeach Caomhantais, An tOifigeach Oidhreachta, Seandálaí na Cathrach agus Roinn ábhartha eile de chuid Chomhairle Cathrach Chorcaí	Bliain 1	Roinnt ceantar stairiúil tosaíochta sonraithe Amlíne chun pleananna a chruthú
	An Oidhreacht Thógtha	An Rannóg Bhainistithe Forbartha, Pleanála, Forfheidhmiúcháin	De réir mar is cuí	Líon na n-áitreabh nua ar chlár na láithreán tréigthe. Líon na gcomhad forfheidhmiúcháin nua a bhaineann leis an oidhreacht thógtha a gníomhaíodh
	An Oidhreacht Thógtha & Seandálaíocht	An tOifigeach Caomhantais An tOifigeach Oidhreachta An tAonad um Beartas Pleanála	Clár bliantúil Bliain 1 go 5	Treoir curtha le chéile agus foilsithe
	An Oidhreacht Thógtha & Seandálaíocht	An tOifigeach Caomhantais An tOifigeach Oidhreachta Rannóg an Ailtire	De réir mar is cuí	Líon na ndeisiúcháin agus na n-athchóirithe a rinneadh
	Seandálaíocht	Seandálaí na Cathrach	Clár bliantúil Bliain 1 go 5	Plean nuashonraithe, Líon na ngníomhartha curtha i bhfeidhm
	Seandálaíocht	Seandálaí na Cathrach, An pobaláitiúil Rannóg na bPáirceanna i gComhairle Cathrach Chorcaí	Clár bliantúil Bliain 1 go 5	Líon na ngníomhartha a rinneadh
	Seandálaíocht	Seandálaí na Cathrach	Blianta 2-4	Roinnt réimsí tosaíochta taighde seandálaíochta sonraithe
	Seandálaíocht	Seandálaí na Cathrach, an Pobal Áitiúil agus Gnólachtaí Pleanáilte	Clár bliantúil Bliain 1 go 5	Dromlach na Meánaoise sonraithe, cothaithe agus feabhsaithe
	Oidhreacht agus Bithéagsúlacht go léir	Gach rannóg laistigh de Chomhairle Cathrach Chorcaí	De réir mar is cuí	Nósanna imeachta nua leagtha amach agus curtha i bhfeidhm



## Téama 1: Continued

Uimh.	Cuspóir	Gníomh
1.27		Dul i gcomhairle le gach roinn i gComhairle Cathrach Chorcaí lena chinntiú go gcuirtear cúram agus bainistíocht na hoidhreachta san áireamh in iarratais phleanála, i bpleananna agus i mbeartais Forbartha agus Ceantair Áitiúil dá leithéidí Tithíochta, Bóithre agus Páirceanna de réir mar is cuí
1.28		Treoir a cheapadh chun gnéithe éagsúla den oidhreacht agus den bithéagsúlacht a chosaint agus a fheabhsú do bhaill an phobail, d'fhorbróirí agus d'fhoireann Chomhairle Cathrach Chorcaí.
1.29		Tabhairt faoi athbhreithniú bliantúil ar chur i bhfeidhm na ngníomhartha a shonraítear i bPlean Gnímh Bithéagsúlachta agus Oidhreachta Chathair Chorcaí

## Téama 2: A bheith ar thús cadhnaíochta i ndáil le taighde agus le hoidhreacht agus le bithéagsúlacht

Uimh.	Cuspóir	Gníomh
2.1	Taighde a bhaineann leis an oidhreacht agus le bithéagsúlacht a dhéanamh	Dul i gcomhairle le comhlachtaí oideachais agus le hinstiúidí 3ú leibhéal chun plean taighde 5 bliana a cheapadh um ghnéithe difriúla na hoidhreachta, bearnaí sa taighde agus réimsí tosaíochta staidéir a shonrú agus an taighde sin a dhéanamh ar bhonn céimneach
2.2		Taighde áitiúil agus suirbhéireacht a choimisiúnú ar ábhair a bhaineann leis an oidhreacht agus le bithéagsúlacht
2.3		Tacú leis an taighde ar úsáid na teicneolaíochta chun réitigh atá bunaithe ar an dúlra a chruthú nuair is cuí maidir le dúshláin a bhaineann le hathrú aeráide a bhaineann le hoidhreacht agus le bithéagsúlacht
2.4		Suirbhé agus mapáil a dhéanamh ar bhogaigh i gCathair Chorcaí
2.5		Mapáil gnáthóg agus speiceas na cathrach a dhéanamh chun conairí éiceolaíochta atá ann cheana féin agus conairí nua is féidir a fhorbairt agus limistéir a bhfuil tábhacht bithéagsúlachta neamhshainithe leo a aimsiú.
2.6		Bunachar sonraí bithéagsúlachta a chruthú a shonraíonn agus a chomhordaíonn taighde bithéagsúlachta atá ann cheana féin, bearnaí a aimsiú ansin agus taighde a choimisiúnú mar is cuí
2.7		Meicníochtaí a fhiosrú chun limistéir neamhshainithe lena mbaineann luach bithéagsúlachta, conairí éiceolaíochta agus crainn ar thalamh faoi úinéireacht phríobháideach a chosaint.
2.8		Suirbhéanna a dhéanamh agus bearta a chur i bhfeidhm chun reiligí a chaomhnú agus a fheabhsú mar thearmann don bithéagsúlacht
2.9		Iníúchadh a dhéanamh ar shócmhainní geolaíochta na cathrach.

Ábhar	Comhpháirtithe Féideartha	Fráma ama	Príomhtháscaire Feidhmíochta
Oidhreacht agus Bithéagsúlacht goléi	Gach rannóg laistigh de Chomhairle Cathrach Chorcaí	De réir mar is cuí	Líon na n-iarratas pleanála a ndearnadh trácht orthu Líon na bpleananna, tionscadal agus straitéisí ar tugadh trácht orthu
Oidhreacht agus Bithéagsúlacht go léir	An tOifigeach Oidhreachta An tOifigeach Caomhantais Seandálaí na Cathrach	Clár bliantúil Bliain 1 go 5	Treoir curtha le chéile agus foilsithe
Oidhreacht agus Bithéagsúlacht	An tOifigeach Oidhreachta	Clár bliantúil Bliain 1 go 5	Athbhreithniú bliantúil foilsithe agus scaipthe ar pháirtithe leasmhara cuí

## oideachas, agus tacú le hoiliúint i réimsí a bhaineann

Ábhar	Comhpháirtithe Féideartha	Fráma ama	Príomhtháscaire Feidhmíochta
Oidhreacht agus Bithéagsúlacht go léir	UCC, MTU An tOifigeach Oidhreachta Oifig Tionscadail AE	Clár bliantúil Bliain 1 go 5	Plean 5 bliana ceaptha Roinnt réimsí tosaíochta taighde sonraithe Fiosraíodh topaicí taighde
Oidhreacht agus Bithéagsúlacht go léir	An tOifigeach Oidhreachta	Clár bliantúil Bliain 1 go 5	Rinneadh roinnt suirbhéanna oidhreachta Torthaí suirbhéanna curtha i bhfeidhm
Oidhreacht agus Bithéagsúlacht go léir	UCC, MTU, An tOifigeach um Ghníomhú ar son na hAeráide An tOifigeach Oidhreachta	Bliain 4	Réitigh atá bunaithe ar an dúlra do dhúshláin an athraithe aeráide don oidhreacht agus don bithéagsúlacht sonraithe
Bithéagsúlacht	An tOifigeach Oidhreachta	Blianta 4 agus 5	An ndearnadh suirbhéireacht agus mapáil ar bhogaigh?
Bithéagsúlacht	An tOifigeach Oidhreachta Grúpaí agus eagraíochtaí áitiúla oidhreachta nádúrtha	Blianta 3 go 5	Mapáil gnáthóg déanta. Conairí éiceolaíochta aimsithe. Limistéir a mbaineann thábhacht bithéagsúlachta neamhshainithe leo sonraithe. Bearta chun gnáthoga, conairí éiceolaíochta agus láithreáin neamh-ainmnithe a chosaint sonraithe agus curtha i bhfeidhm
Bithéagsúlacht	UCC, MTU, An tOifigeach Oidhreachta, NPWS, NBDC	Clár bliantúil Bliain 1 go 5	Bunachar sonraí cruthaithe Bearnaí aimsithe. Taighde coimisiúnaithe
Bithéagsúlacht	UCC, MTU	Bliain 1	Meicníochtaí cosanta sonraithe agus curtha i bhfeidhm.
Bithéagsúlacht	An tOifigeach Oidhreachta Pobail Áitiúla agus NGOanna Seandálaí na Cathrach	Bliain 5	Suirbhé críochnaithe & torthaí foilsithe. Roinnt gníomhartha curtha i bhfeidhm.
Bithéagsúlacht	GSI An tOifigeach Oidhreachta	Bliain 1	Iníúchadh déanta. An ndearnadh sócmhainní geolaíochta a mhapáil agus a chosaint?



## Téama 2: Continued

Uimh.	Cuspóir	Gníomh
2.10		Leanúint den taighde seandálaíochta ag Dún Eilíse chun Tochailt Seandálaíochta Pobail a chur san áireamh.
2.11	Oiliúint a chur ar fáil ar ghnéithe difriúla den Oidhreacht agus den Bithéagsúlacht	Oiliúint ar ghnéithe difriúla den oidhreacht agus den bithéagsúlacht a chur ar fáil do raon leathan páirtithe leasmhara
2.12		Tionscnaimh chruthaitheacha a fhorbairt chun aird a tharraingt ar thábhacht na hoidhreachta agus na bithéagsúlachta
2.13		Leanúint den tacaíocht don tionscnamh Treodóireachta Uirbí
2.14	Tacú le tionscadail Oideachais um an Oidhreacht agus um Bithéagsúlacht	Oidhreacht a chothú i scoileanna ach tacú le Tionscadal Oidhreachta Scoile Discover Cork agus leis an gclár Oidhreacht i Scoileanna.

## Téama 3: Aird a tharraingt ar an oidhreacht agus ar an mbithéagsúlacht i orthu, a rannpháirtíocht iontu agus an taitneamh a bhaineann siad

Uimh.	Cuspóir	Gníomh
3.1	Cúrsaí Oidhreachta agus Bithéagsúlachta a chur in iúl do lucht éisteachta níos leithne	Rannpháirtíocht leis an bpobal i ndáil le cúrsaí oidhreachta agus bithéagsúlachta a chinntiú. A chinntiú go gcuirtear teachtaireacht na hoidhreachta agus na bithéagsúlachta in iúl mar chuid de gach plean tionscadail agus trasnáola i ngach gníomh sa Phlean
3.2		Mír na hoidhreachta ar shuíomh idirlín Chomhairle Cathrach Chorcaí a nuashonrú agus dul i dteagmháil leis na meáin shóisialta chun tionscadail oidhreachta, foilseacháin, imeachtaí agus acmhainní eile a chur in iúl
3.3		Féilire imeachtaí oidhreachta agus bithéagsúlachta a chruthú
3.4		Liosta nuashonraithe de ghrúpaí agus d'eagraíochtaí Oidhreachta a chruthú, liosta a mbeadh teacht air go poiblí
3.5		Úsáid a bhaint as teicneolaíocht dá leithéidí aipeanna agus podchraoltaí chun an oidhreacht agus an bithéagsúlacht a chur chun cinn
3.6	Tacú le himeachtaí a bhaineann leis an Oidhreacht agus leis an mBithéagsúlacht agus iad a chur chun cinn	Sraith imeachtaí a bhaineann leis an Oidhreacht agus leis an mbithéagsúlacht a chruthú, a chur chun cinn agus tacú leo, dá leithéidí Lá Oscailte Oidhreachta Chorcaí, Seachtain na hOidhreachta, Seachtain na Bithéagsúlachta, <i>Cork Past and Present Exhibition</i> , Cruinniú na nÓg etc.
3.7		Leanúint den tacaíocht do Shraith Bhliantúil Léachtaí Seandálaíochta.

	Ábhar	Comhpháirtithe Féideartha	Fráma ama	Príomhtháscaire Feidhmíochta
	Seandálaíocht	Seandálaí na Cathrach Grúpaí agus Eagraíochtaí Pobail	Bliain 2	Tochailt phobail eagraithe. Líon na ndaoine a bhí i láthair. Taighde seandálaíochta déanta agus foilsithe
	Oidhreacht agus Bithéagsúlacht go léir	An tOifigeach Oidhreachta	Clár bliantúil Bliain 1 go 5	Cén oiliúint a rinneadh? Líon daoine i láthair
	Oidhreacht agus Bithéagsúlacht go léir	Éire Ildána, Foireann chultúir Chomhairle Cathrach Chorcaí An tOifigeach Oidhreachta	Clár bliantúil Bliain 1 go 5	Líon na dtionscnamh a rinneadh
	An Oidhreacht Thógtha	Éire Ildána, Foireann chultúir Chomhairle Cathrach Chorcaí An tOifigeach Caomhantais An tOifigeach Turasóireachta	Clár bliantúil Bliain 1 go 5	Líon na gconairí treodóireachta uirbí a forbraíodh
	Oidhreacht agus Bithéagsúlacht go léir	An tOifigeach Oidhreachta An Chomhairle Oidhreachta Scoileanna Áitiúla	Clár bliantúil Bliain 1 go 5	Líon scoileanna rannpháirteacha Torthaí agus foghlaim

## measc mhuintir Chorcaí agus cuairteoirí araon, mar aon lena meas astu a mhéadú agus teachtaireacht na hoidhreachta a chur in iúl dóibh

	Ábhar	Comhpháirtithe Féideartha	Fráma ama	Príomhtháscaire Feidhmíochta
	Oidhreacht agus Bithéagsúlacht go léir	An tOifigeach Oidhreachta	Clár bliantúil Bliain 1 go 5	Tá cumarsáid mar chuid de gach gníomh sa Phlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta
	Oidhreacht agus Bithéagsúlacht go léir	An tOifigeach Cumarsáide	Clár bliantúil Bliain 1 go	Suíomh idirlín agus na meáin shóisialta nuashonraithe agus á gcothabháil. Anailís bhliantúil ar úsáid agus ar idirghníomhaíocht leis an suíomh idirlín agus na meáin shóisialta
	Oidhreacht agus Bithéagsúlacht go léir	An tOifigeach Oidhreachta	Bliain 1	Féilire cruthaithe agus nuashonraithe agus curtha chun cinn
	Oidhreacht agus Bithéagsúlacht go léir	An tOifigeach Oidhreachta	Bliain 1 De réir mar is cuí	Liosta cruthaithe agus foilsithe
	Oidhreacht agus Bithéagsúlacht go léir	An tOifigeach Oidhreachta Grúpaí agus Eagraíochtaí Oidhreachta	Clár bliantúil Bliain 1 go 5	Aipeanna agus podchraoltaí cruthaithe agus curtha chun cinn
	Oidhreacht agus Bithéagsúlacht go léir	An tOifigeach Oidhreachta Grúpaí agus Eagraíochtaí Oidhreachta	Clár bliantúil Bliain 1 go 5	Líon na n-imeachtaí a cruthaíodh agus a cuireadh chun cinn. Líon daoine i láthair
	Seandálaíocht	Seandálaí na Cathrach	Clár bliantúil Bliain 1 go 5	Líon daoine i láthair Téamaí na sraithe léachtaí

## Téama 3: Continued

Uimh.	Cuspóir	Gníomh
3.8		Tacaíocht a thabhairt do bhallraíocht leanúnach i Líonra na mBailte Múrtha
3.9	Obair Mhúsaem Phoiblí Chathair Chorcaí, Chartlanna Chathair agus Chontae Chorcaí agus Leabharlanna Cathrach Chorcaí a chur chun cinn	Obair agus bailiúcháin Músaem Phoiblí Chathair Chorcaí, Chartlanna Chathair agus Chontae Chorcaí agus Leabharlanna Cathrach Chorcaí a chur chun cinn
3.10	Aird a tharraingt ar an Oidhreacht agus ar an mBithéagsúlacht i gCathair Chorcaí	Sraith ceardlann poiblí a óstáil faoi dhul i ngleic le saincheisteanna oidhreachta agus bithéagsúlachta
3.11		Tacú le grúpaí a bhfuil baint acu le tionscadail staire ó bhéal agus Béaloideasa a bhailiú agus a chur chun cinn agus féachaint an féidir bunachar sonraí lárnach na staire ó bhéal a chruthú.
3.12		Tacú le grúpaí a bhfuil baint acu le húsáid na Gaeilge a chothú
3.13		Tacú le grúpaí a bhfuil baint acu le cultúr agus le hoidhreacht an Lucht Siúil a chur chun cinn ach tacú le tionscnaimh leis na pobail sin chun an oidhreacht agus an traidisiún sin a cheiliúradh agus a roinnt.
3.14		Aird níos mó a tharraingt ar oidhreacht agus ar chultúr éagsúlachta ilchultúrtha Chathair Chorcaí agus ar ghrúpaí dá leithéidí an phobail LGBTQ agus iad siúd a bhfuil baint acu le soláthar díreach ach tacú le tionscnaimh leis na pobail sin chun an oidhreacht agus an traidisiún sin a cheiliúradh agus a roinnt.
3.15		Aird níos mó a tharraingt ar an Oidhreacht Mhuirí agus ar úsáid na habhann le haghaidh áineasa ach tacú le tionscnaimh agus le tionscadail leis na grúpaí sin
3.16		Tacú le gníomhaíochtaí agus le tionscadail faoi Chlár Éire Ildana agus iad a chur i bhfeidhm



	Ábhar	Comhpháirtithe Féideartha	Fráma ama	Príomhtháscaire Feidhmíochta
	Seandálaíocht	Seandálaí na Cathrach	De réir mar is cuí	Tionscadail ar tugadh fúthu faoi Líonra na mBailte Múrtha. Líon na ngníomhartha curtha i bhfeidhm
	Oidhreacht Chultúrtha	Coimeádaí Mhúsaem na Cathrach. Cartlannaí Chathair agus Chontae Chorcaí Leabharlannaí na Cathrach	De réir mar is cuí	Cuireadh tionscadail agus imeachtaí chun cinn. Líon na gcomhthionscadail. Líon daoine i láthair
	Oidhreacht agus Bithéagsúlacht go léir	An tOifigeach Caomhantais An tOifigeach Oidhreachta	De réir mar is cuí	Líon na gceardlann Líon na ndaoine a bhí i láthair
	Oidhreacht Chultúrtha	An tOifigeach Oidhreachta Grúpaí agus Eagraíochtaí Áitiúla Oidhreachta	De réir mar is gá	Cén tacaíocht a cuireadh ar fáil? Cé mhéad tionscadal a forbraíodh?
	Oidhreacht Chultúrtha	An tOifigeach Oidhreachta Grúpaí agus Eagraíochtaí Áitiúla Oidhreachta	De réir mar is cuí	Cén tacaíocht a cuireadh ar fáil? Cé mhéad tionscadal a forbraíodh? Aird mhéadaithe a thomhas
	Oidhreacht Chultúrtha	An tOifigeach Oidhreachta Grúpaí agus Eagraíochtaí Áitiúla Oidhreachta	De réir mar is cuí	Cén tacaíocht a cuireadh ar fáil? Cé mhéad tionscadal a forbraíodh? Aird mhéadaithe a thomhas
	Oidhreacht Chultúrtha	An tOifigeach Oidhreachta Grúpaí agus Eagraíochtaí Áitiúla Oidhreachta	De réir mar is cuí	Cén tacaíocht a cuireadh ar fáil? Cé mhéad tionscadal a forbraíodh? Aird mhéadaithe a thomhas
	Oidhreacht Chultúrtha	An tOifigeach Oidhreachta Grúpaí agus Eagraíochtaí Áitiúla Oidhreachta a bhfuil baint acu leis an oidhrecht mhuirí An tOifigeach Turasóireachta	De réir mar is cuí	Cén tacaíocht a cuireadh ar fáil? Cé mhéad tionscadal a forbraíodh? Aird mhéadaithe a thomhas
	Oidhreacht agus Bithéagsúlacht go léir	An tOifigeach Oidhreachta An Fhoireann Chultúir	Clár bliantúil Bliain 1 go 5	Cé mhéad tionscadal a forbraíodh?


## Téama 4: Leibhéal gníomhaíochta sóisialta, cultúrtha, eacnamaíche leis an mbithéagsúlacht sa chathair

Uimh.	Cuspóir	Gníomh
4.1	Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do rannpháirtíocht an phobail san oidhreacht agus sa Bhithéagsúlacht	Turais allamuigh chuig láithreáin agus tionscadail a bhaineann le hoidhreacht agus bithéagsúlacht a eagrú
4.2		Ócáidí cur-in-aithne agus meantóireachta piara ar phiara a eagrú do ghrúpaí agus eagraíochtaí áitiúla oidhreachta de chuid Chomhairle Cathrach Chorcaí de réir mar is gá ar ábhair a bhaineann leis an oidhreacht
4.3		Oiliúint a chur ar fáil mar is gá ar ábhair a bhaineann le hoidhreacht agus bithéagsúlacht. Féach Gníomh 2.10
4.4		Ceardlanna a eagrú de réir mar is gá ar ábhair a bhaineann leis an oidhreacht. Féach Gníomh 3.10
4.5	Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do shraith clár oibre deonaí	Obair a dhéanamh le grúpaí deonacha atá ann cheana féin ar fud na cathrach ina measc grúpaí oidhreachta agus grúpaí bailte slachtmhara chun tionscadail oidhreachta agus bithéagsúlachta a fhorbairt ina gceantar áitiúil
4.6		Sraith tionscadal a fhorbairt chun aird a tharraingt ar am oidhreacht agus ar an mbithéagsúlacht bunaithe ar mhúnla eolaíochta sluafoinsithe
4.7		An scéim “Glac chugat séadchomhartha” a chur chun cinn sa chathair.
4.8	Luach na hOidhreachta agus na Bithéagsúlachta don Turasóireacht agus do Ghnóilachtaí i gCathair Chorcaí a chur chun cinn	Clár “lár na cathrach a iompú glas” a fhorbairt a chuimseoidh plandaí atá oiriúnach do phailneoirí a fhás i mboscaí fuinneoige agus i gceapóga, mionpháirceanna poiblí a chruthú, gairdíní dín agus coirceoga srl a chothú.
4.9		Taighde a dhéanamh ar luach geilleagrach na hoidhreachta agus na bithéagsúlachta do limistéar na cathrach
4.10		Obair a dhéanamh le heagraíochtaí Turasóireachta chun ionaid agus láithreáin oidhreachta a chur chun cinn agus a chosaint
4.11		Obair a dhéanamh le comhpháirtithe ábhartha chun comharthaíocht agus inrochtaineacht ag ionaid agus láithreacha oidhreachta a fheabhsú
4.12	Tacú le Scéimeanna Deontais Oidhreachta agus Bithéagsúlacht i gCathair Chorcaí	Leanúint den tacaíocht do Scéim Deontais Phobail d’Oidhreachta Chathair Chorcaí agus í a leathnú
4.13		Leanúint den tacaíocht do Scéim Deontais Foilsitheoireachta d’Oidhreachta Chathair Chorcaí agus í a leathnú
4.14		Scéim Deontais nua a chruthú do thionscadail bhithéagsúlachta go háirithe maidir le Pleananna Bithéagsúlachta do Limistéir Áitiúil a chur le chéile agus gníomh a dhéanamh de bhun na LABP sin.
4.15		Ionad ilfhreastail ar líne a chruthú do gach deontas oidhreachta atá ar fáil go háitiúil agus go náisiúnta

## agus turasóireachta a mhéadú i ndáil leis an oidhreacht

Ábhar	Comhpháirtithe Féideartha	Fráma ama	Príomhtháscaire Feidhmíochta
Oidhreacht agus Bithéagsúlacht go léir	An tOifigeach Oidhreachta Grúpaí agus Eagraíochtaí Áitiúla Oidhreachta	De réir mar is cuí	Líon na dturas allamuigh a rinneadh Líon na ndaoine a bhí i láthair
Oidhreacht agus Bithéagsúlacht go léir	An tOifigeach Oidhreachta Grúpaí agus Eagraíochtaí Áitiúla Oidhreachta	De réir mar is cuí	Líon na gcruinniú a tharla Líon na ndaoine a bhí i láthair
Oidhreacht agus Bithéagsúlacht go léir		De réir mar is cuí	Féach Gníomh 2.10
Oidhreacht agus Bithéagsúlacht go léir		De réir mar is cuí	Féach Gníomh 3.10
Oidhreacht agus Bithéagsúlacht go léir	An tOifigeach Oidhreachta Grúpaí agus Eagraíochtaí Pobail	De réir mar is cuí	Cé mhéad tionscadal a rinneadh?
Oidhreacht agus Bithéagsúlacht go léir	An tOifigeach Oidhreachta Grúpaí agus Eagraíochtaí Oidhreachta	De réir mar is cuí	Ar baineadh úsáid as an múnla Líon na dtionscadal
Seandálaíocht	Seandálaí na Cathrach Grúpaí pobail	Clár bliantúil Bliain 1 go 5	Ar glacadh leis an scéim? Líon na séadchomharthaí a glacadh
Bithéagsúlacht	An tOifigeach Oidhreachta Comhordaitheoir Lár na Cathrach	Clár bliantúil Bliain 1 go 5	Ar cuireadh an scéim i bhfeidhm? Feabhsúchán agus méadú ar iompú chun glaise na cathrach a thomhas
Oidhreacht agus Bithéagsúlacht go léir	An tOifigeach Oidhreachta UCC, MTU	Bliain 5	An ndearnadh an taighde? Torthaí agus foghlaim
Oidhreacht agus Bithéagsúlacht go léir	An tOifigeach Oidhreachta An tOifigeach Turasóireachta	De réir mar is cuí	Líon na láithreán agus na n-ionad oidhreachta a bhí rannpháirteach
Oidhreacht agus Bithéagsúlacht go léir	An tOifigeach Oidhreachta Láithreáin agus ionaid oidhreachta An tOifigeach Turasóireachta	De réir mar is cuí	Feabhsaíodh an chomharthaíocht agus an inrochtaineacht Cad iad na suíomhanna agus cén slí?
Oidhreacht agus Bithéagsúlacht go léir	An tOifigeach Oidhreachta	Clár bliantúil Bliain 1 go 5	Líon na ndeontas a eisíodh Suim an Mhaoinithe a leithroinneadh
Oidhreacht agus Bithéagsúlacht go léir	An tOifigeach Oidhreachta	Clár bliantúil Bliain 1 go 5	Líon na ndeontas a eisíodh Suim an Mhaoinithe a leithroinneadh
Bithéagsúlacht Oidhreacht agus	An tOifigeach Oidhreachta	Clár bliantúil Bliain 1 go 5	Líon na ndeontas a eisíodh Suim an Mhaoinithe a leithroinneadh
Bithéagsúlacht go léir	An tOifigeach Oidhreachta	Bliain 1	Acmhainn ar líne cruthaithe agus curtha chun cinn. Líon na n-úsáideoirí a taifeadadh





# Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chathair Chorcaí a chur i bhfeidhm







## 4.1 Seirbhísí Oidhreacht Chomhairle Cathrach Chorcaí

Cuireann Comhairle Cathrach Chorcaí raon leathan seirbhísí oidhreacht ar fáil go leanúnach. Cuireann roinnt ball foirne gairmiúla na seirbhísí sin ar fáil agus iad ag obair i stiúrthóireachtaí difriúla ar fud Chomhairle Cathrach Chorcaí. Ina measc tá an tOifigeach Oidhreacht, Seandálaí na Cathrach, an tOifigeach Caomhantais, Rannóg na Staire Áitiúla i Leabharlanna Cathrach Chorcaí, Músaem Poiblí Chorcaí, Cartlann Chathair agus Chontae Chorcaí, Rannóg na Timpeallachta, Rannóg an Phobail, Gnóthaí Corparáideacha, An tOifigeach um Ghníomhú ar son na hAeráide, Seandálaí na Cathrach agus Rannóg na bPáirceanna. Is mian le Plean Bithéagsúlachta agus Oidhreacht Chathair Chorcaí (2021-2026) tacú leis an obair a rinneadh go dtí seo agus daoine ag cur go dearfach le hoidhreacht na cathrach laistigh de Chomhairle Cathrach Chorcaí.

## 4.2 Plean Oidhreacht agus Bithéagsúlachta Chathair Chorcaí a Sheachadadh

Is plean gnímh cúig bliana é Plean Oidhreacht agus Bithéagsúlachta Chathair Chorcaí (2021-2026). Déanfar clár oibre mionsonraithe a dhréachtadh gach bliain, ina leagfar amach na gníomhartha molta don bhliain, mar aon le fráma ama agus comhpháirtithe a shonrú. Ina theannta sin, beidh príomhtháscaráir feidhmíochta, gné seachadta, forfheidhmithe, scaipthe agus athbhreithnithe san áireamh i ngach gníomh. Samhlaítear go mbeidh Plean Oidhreacht agus Bithéagsúlachta Chathair Chorcaí (2021-2026) ina phlean comhpháirtíochta le go leor páirtithe leasmhara a bheidh ag roinnt na freagrachta as a chur i bhfeidhm ar bhealach comhthairbheach. Baineann Plean Oidhreacht agus Bithéagsúlachta Chathair Chorcaí (2021-2026) le muintir na cathrach go léir agus tá prionsabal na freagrachta comhroinnte as ár n-oidhreacht mar bhonn agus mar thaca aige.



## 4.3 Ról Chomhairle Cathrach Chorcaí

Chuir Comhairle Cathrach Chorcaí tús le próiseas Phlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chathair Chorcaí (2021-2026) agus rinne sí áisitheoireacht dá fhorbairt. Cé gur príomh-chomhpháirtí í Comhairle Cathrach Chorcaí agus go mbeidh sí mar a bheadh comhordaitheoir do thionscadail in go leor cásanna, ní féidir na gníomhartha go léir a chur i bhfeidhm gan tacaíocht phraiticiúil ó na páirtithe leasmhara ábhartha. Cé go mbeidh ról straitéiseach ag Comhairle Cathrach Chorcaí i gcur i bhfeidhm Phlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chathair Chorcaí (2021-2026), beidh sé ríthábhachtach tacaíocht phraiticiúil a fháil ó gach comhpháirtí agus geallsealbhóir ábhartha le go n-éireoidh leis an bPlean

## 4.4 Ról na Comhairle Oidhreachta

Tá tacaíocht na Comhairle Oidhreachta, trína clár maoiniúcháin do Phlean Áitiúil Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chathair Chorcaí (2021-2026), ríthábhachtach d'obair leanúnach na hoidhreachta i gCathair Chorcaí. Áirítear air sin tacaíocht airgeadais leanúnach do Líonra na nOifigeach Oidhreachta agus don Chlár Oilíúna agus Forbartha agus comhairle óna cuid oifigeach gairmiúil maidir le dea-chleachtas.



## 4.5 Tacú leo siúd a bhfuil baint acu le hObair Leanúnach a théann chun Sochair don Oidhreachta agus don Bithéagsúlacht sa Chathair

Tugann Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chathair Chorcaí (2021-2026) aitheantas don obair leanúnach nach beag atá grúpaí agus eagraíochtaí oidhreachta, pobail áitiúla, daoine aonair, eagraíochtaí deonacha, an t-údarás áitiúil, agus institiúidí oideachais a dhéanamh chun oidhreachta Chathair Chorcaí chothú, a chosaint agus a thuiscint. Táthar ag súil go gcuirfidh Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chathair Chorcaí (2021-2026) luach leis an obair luachmhar seo atá á déanamh cheana féin ar fud na cathrach, agus go dtacódh sé léi agus go spreagfaidh sé í.

## 4.6 Caidreamh le Comhairle Contae Chorcaí, le hÚdaráis Áitiúla Eile agus le Comhlachtaí Náisiúnta

Tugtar aitheantas i bPlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chathair Chorcaí (2021-2026) don dlúthnasc idir údaráis áitiúla máguaird de bhun obair Lónra na nOifigeach Oidhreachta. Oibreoidh Comhairle Cathrach Chorcaí, nuair is cuí, le hÚdaráis Áitiúla eile ar thionscadail ábhartha agus glacfaidh siad cur chuige comónta maidir le saincheisteanna ábhartha. Ina theannta sin, oibreoidh Comhairle Cathrach Chorcaí le comhlachtaí náisiúnta dá leithéidí na Comhairle Oidhreachta, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, An Plean Uile-Éireann um Pailneoirí, Ionad Sonraí na Bithéagsúlachta agus an tSeirbhís Náisiúnta Páirceanna agus Fiadhúlra de réir mar is cuí.



## 4.7 Airgeadas

Tá Comhairle Cathrach Chorcaí meáite, i gcomhpháirtíocht le dreamanna eile, ar Phlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chathair Chorcaí (2021-2026) a chur i gcrích sna cúig bliana atá romhainn amach agus de réir mar a cheadaíonn acmhainní.

Is Plean uailmhianach é seo: meastar faoi láthair go mbeidh buiséad de bhreis ar €500,000 de dhíth chun na gníomhartha a sheachadadh thar shaolré an Phlean. Déanfar foinsí breise maoiniúcháin agus acmhainní a fhiosrú le linn shaolré an Phlean, de réir mar is gá.

Is príomhchúinse é tacaíocht leanúnach na Comhairle Oidhreachta chun a chinntiú go mbaintear amach na gníomhartha a luaitear i bPlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chathair Chorcaí (2021-2026). Oibreoidh Comhairle Cathrach Chorcaí go dlúth leis an gComhairle Oidhreachta chun Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chathair Chorcaí (2021-2026) a chur i ngníomh.

---

## 4.8 Monatóireacht agus Meastóireacht an Phlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chathair Chorcaí

Déanfar monatóireacht bhliantúil ar Phlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chathair Chorcaí (2021-2026) mar chuid den chlár oibre bliantúil a cheaptar. Beidh príomhtháscaire feidhmíochta ag gabháil le gach gníomh chomh maith chun a éifeachtúlacht a mheas. Cuirfear tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn le chéile le gur féidir le Cathrach Chorcaí agus páirtithe leasmhara ábhartha í a mheas.









# Aguisín





# Aguisín 1: An Oidhreacht i gceantar máguaird Chathair Chorcaí

## BAILE AN CHOLLAIGH

*(Bunaithe ar Ballincollig – Our Town Muskerry Local History Society)*



Ainmníodh Baile an Chollaigh as Robert Coll, ridire agus úinéir Chaisleán Bhaile an Chollaigh tráth dá raibh. Is é an caisleán an foirgneamh is sine ar an mbaile, ach tar éis lár an tseachtú haois déag éiríodh as a bheith á úsáid. Bunaíodh sráidbhaile Bhaile an Chollaigh tráth ní ba dhéanaí ná sin. Ní mar gheall ar an gcaisleán a bunaíodh an baile ach mar gheall ar na Muilte Púdair Ghunna agus Bheairic an Airm. Chuir Charles Henry Leslie tús, sa bhliain 1794, le púdar gunna a dhéanamh ar scála beag ar a thalamh féin ar bhruach theas na Laoi. Mar gheall ar an rath a bhí air agus ar chogaí a bhris amach idir an Bhreatain agus an Fhrainc cheannaigh an British Board of Ordnance na Muilte sa bhliain 1805. Mhéadaigh an Bord na Muilte go mór agus thóg sé tithe d'óibríthe in aice láimhe. Tógadh beairic airm chun na Muilte a chosaint. Ach a bhfuarthas an ceann is fearr ar Napoleon sa bhliain 1815, dúnadh na Muilte agus thit na foirgnimh ina bhfothracha, cé go raibh an bheairic fós ann.

Fiche bliain ina dhiaidh sin, cheannaigh teaghlach ceannaithe ó Learpholl, muintir Tobin, na Muilte nach raibh in úsáid agus rinne siad iad a athchóiriú agus a mhéadú arís. Seoladh an mac ba shine le duine de na páirtnéirí, Thomas Tobin, anonn chun na Muilte a bhainistiú agus bhí sé ina chónaí anseo i dTeach Oriel ar feadh an chuid is mó dá shaol. Laistigh de chúpla bliain ó athoscailt na Muilte, bhí 200 fear fostaithe agus méadaíodh é sin go breis is 500 fear faoi lár an naoú haois déag.

Tháinig meath ar Bhaile an Chollaigh i dtreo dheireadh an naoú haois déag de réir mar a tháinig meath ar na muilte púdair. Níorbh fhéidir leis an bpúdar gunna dubh a dhéantaí sna Muilte dul in iomaíocht le pléascáin nua-chumtha eile, dá leithéidí dinimíte. Tháinig úinéirí nua chun na Muilte agus i ndeireadh na dála, i 1903, dúnadh iad agus difhostaíodh an 100 oibrí a bhí fágtha. Tháinig meath eile ar Bhaile an Chollaigh nuair a d'fhág arm na Breataine an bheairic i 1922 tar éis an Chonartha Angla-Éireannaigh. Ghlac fórsaí frith-Chonartha an bheairic ar láimh agus dódh é in éineacht le cuid de Theach Oriel, nuair a chúlaigh na fórsaí sin amach as Baile an Chollaigh le linn an Chogaidh Chathartha. Athosclaíodh an bheairic le linn an Dara Cogadh Domhanda nuair a d'úsáid Arm na hÉireann agus na Fórsaí Cosanta Áitiúla é dá gcuid freachnamh.

Ó lár na 1960idí ar aghaidh bhí Baile an Chollaigh ar cheann de na bailte na mhó fás sa tír agus an daonra ag dúbailt le linn na 1970idí. Tháinig athrú ar lár an tsráidbhaile de réir mar a bhog na háitritheoirí amach agus a tháinig gnólachtaí isteach ina n-áit. Dúnadh beairic an airm i 1998 nuair a d'fhág na saighdiúirí deireanacha. Forbraíodh talamh na beairice d'ionad siopadóireachta, do thithe agus d'óifigí ag tús an aonú haois is fiche. Faoi 2016, bhí daonra de bhreis agus 18,000 duine i mBaile an Chollaigh.



## GLEANN MAGHAIR

*(Eolas a chuir Glanmire Heritage Society ar fáil)*

Tá réigiún Ghleann Maghair suite i ngleann tuairim is 5 mhíle soir ó Chathair Chorcaí. Ceithre shráidbhaile atá ann: Cill Ruáin, Gleann Maghair, Baile Roisín agus sruthán na Saileach, mar aon leis na bailte fearainn máguaird. Ritheann An Ghlaise Bhuí agus Abhainn Bhaile an Bhuitléaraigh tríd an ngleann agus tagann siad le chéile i mBaile Roisín agus ina dhiaidh sin sreabhann siad amach in inbhear na Laoi ag Dún Cítíl. Is dócha gurb é Gleann Maghair an ceann is áille radharc de na ceithre shráidbhaile. Tá sé suite ar inbhear na Glaise Buí, i measc coillearnacha áille, agus tithe almsan áille ar an mbealach isteach ann.

Bunaíodh Gleann Maghair in Éirinn na luath-Chríostaíochta. Léiríonn taifead eaglasta go raibh séipéal i Ráth Chuanna sa bhliain 1291, mar a raibh sean-reilig. Tá an droichead cloiche i mBaile Roisín ar cheann de na déanmhais is sine i gCorcaigh, agus deirtear gur thrasnaigh Cromail é le linn choncas Chromail ar Éirinn. Thugtaí Béal Feirste an Deiscirt ar Bhaile Roisín sa 16ú agus sa 17ú haois mar gheall ar an iliomad tionscal a bunaíodh ar bhruach na

Glaise Buí. Nuair a d'fhéadfaí Droichead Dhún Cítíl a oscailt de luascadh, sheoladh longa suas an t-inbhear agus d'fhágaidís a gcuid earraí ar Ché an Ghainimh i sráidbhaile Ghleann Maghair. Bhí rath ar an tionsclaíocht fan na habhann i rith an 18ú agus 19ú haois agus fiú isteach san 20ú haois.

Thóg prionsaí ceannaíochta Chorcaí tithe móra i gceantar Ghleann Maghair san 18ú haois, toisc gur mhian le cách cur fúthu i ngleann na coille – Teach Bhaile Roisín, Teach Dhún Cítíl, Teach Pholl an Churraigh, Teach Lota agus Lóiste Lota ina measc. Tugann Historic Houses of Glanmire a d'fhoilsigh Glanmire Heritage Society in 2011 cuntas ar 29 ceann díobh.

Bhog Eaglais na hÉireann ó Shéipéal Ráth Chuanna (ina fhothrach anois) go Sráidbhaile Ghleann Maghair i 1786.

D'fhás Gleann Maghair go tapaidh ina cheantar cónaithe ó na 1970í amach agus tá tithíocht ag dul i méad go dtí an lá atá inniu ann.



# An Dúglas

(eolas ó leabhar an Dr. Kieran McCarthy, *The Little Book of Cork Harbour* (2019, History Press).



Ainmníodh an Dúglas (dubh + glas) as ainm srutháin. Tá cuma sráidbhaile seanbhunaithe air mar a bhfuil déanamh stairiúil an tsráidbhaile agus cúlra inbhear na Dúglaise lena mbaineann bithéagsúlacht agus radharcra Chorcaí ó bhruachbhaile cnoic ó theas - Baile an Róistigh, Domhnach Broc agus an Ghráinseach.

Ach a ndearnadh spré Johanna, baintreach John de Rocheford, a iniúchadh i 1372 tá tagairt do chionroinnt talún a bhí aici i nDúglas, as ar eascair ainm an bhaile fearainn Baile an Róistigh, b'fhéidir. Bhí 40 suíochán nó teach mór agus diméin ar na dromanna atá os cionn an tsráidbhaile, áit ar chuir ceannaithe na cathrach fúthu. Tá na tírdhreacha sin a cruthaíodh fós le feiceáil i gceantar shráidbhaile na Dúglaise.

An 1 Meitheamh 1726, tógadh Monarcha na Dúglaise, ceann de na monarchana éadach seoil is mó in Éirinn agus ba iad baill na nÚgánach, Samuel Perry agus Francis Carleton na chéad úinéirí. Ba é an t-ailtire agus an t-ársaitheoir ó Chorcaigh, Richard Bolt Brash, a dhear agus a thóg an muileann ilstórach

sníofa lín atá fós slán i nDomhnach Broc do Hugh agus James Wheeler Pollock i 1866. Sa bhliain 1883, thóg deartháireacha Uí Bhriain Muilte Pádraig i Sráidbhaile na Dúglaise agus faoi 1903 bhí um 80 seol ann agus 300 duine i bhfostaíocht, agus bhí go leor acu-san ina gcónaí i dtithe leis an gcomhlacht i sráidbhaile na Dúglaise.

Comhartha bóthair téagartha adhmaid ba ea an Douglas Finger Post a bhfuil cáil air. Bhí sé suite ag acomhal Bhóthar Maryborough agus Bhaile an Róistigh. Sheas sé i gcarn cloch a raibh cruth coirceoige air agus bhí sé um chúig troithe déag ar airde (an bonn san áireamh). Bhí tábhacht staire áitiúla ag baint leis chomh maith le bheith ina chomhartha bóthair. Deirtear gur crochadh fear áitiúil, Phil Carty ó Dhomhnach Broc, ar an gCuailí Eolais bunaidh mar gheall ar a bheith páirteach in Éirí Amach 1798 agus gur fágadh an corpán ar crochadh ar shlabhraí ann. San am atá caite, dhéanadh fir a bhíodh ag dul thar bráid a gcaipíní a chrochadh agus comhartha na croise a dhéanamh.



# An Bhlarna

*(eolas le John Mulcahy Blarney Heritage Society)*

Seasann caisleán na Blarnan go maorga os cionn an tsráidbhaile agus na tuaithe máguaird, rud a chuireann i gcuimhne dúinn gur measadh tráth nárbh fhéidir an daingean sin a chloí, daingean a sheas an fód in aghaidh na Banríona Eilís agus Chromail, cé gur ghéill sé don bheirt acu i ndeireadh na dála. Ba sa cheathrú haois déag a tógadh é agus cuireadh leis sa séú haois déag agus ba é príomhdhaingean Chárthaigh Mhúscraí é, óna bhféadfaidís bagairt ar cheannaithe agus ar mhuintir Chorcaí agus tabhairt orthu cíós dubh (airgead a gcosanta) £40 sa bhliain a íoc. Gabhadh an caisleán le linn an éirí amach i gcoinne Liam Oráiste agus chaill an teaghlach gach a raibh acu. Tugadh an caisleán do Sir James Jeffreys agus le hoidhreacht do mhuintir Colthurst ar leo fós é.

Ar na saolta seo, fáiltíonn an caisleán roimh na mílte cuairteoir chuig fothracha na radharc álainn, chuig Cloch na Blarnan a bhronann bua na cainte ar an té a phógann í, agus chuig na gairdíní áille agus na tailte tírdhreachaithe a chuireann scáth agus suaimhneas

ar fáil i measc na bplandaí agus na bláthanna coimhthíocha.

Is ann do shráidbhaile na Blarnan mar gheall ar an tionscal línéadaigh a raibh rath air sa cheantar máguaird. Sa bhliain 1766 a bunaíodh é agus tráth bhí iliomad foirgneamh monarchan, faichí tuartha agus seolta tí ann, agus na hoibrithe ina gcónaí sna teachíní a bhí ar thrí thaobh na Cearnóige. Ceileann radharc suaimhneach an lae inniu stair ní ba fhoréigní; an t-ionsaí ar theach an mhinistir agus Éireannach Aontaithe áitiúil a crochadh chun báis ina dhiaidh sin; an ruathar ar Bheairic na Constáblachta agus a phléascadh i rith Chogadh na Saoirse. Áit a raibh callán na seolta agus na n-inneall cniotála sna muilte tráth ná clingireacht na scipéad agus sioscarnach pháipéar cumhdaigh na mbronntanas anois san ionad siopadóireachta. Is féidir iarsmaí cheann scríbe Iarnróid Éadrom Chorcaí agus Mhúscraí a fheiceáil fós in aice leis an gCearnóg, iarnród a rinne nasc traenach gaile idir an Bhlarna agus cathair Chorcaí.





Síneann bóithre agus cosáin amach ón mBlarna trí ghleannta glasa agus radharcra cois abhann isteach i dtuath mhéith atá breac le séadchomharthaí stairiúla agus gnáthóga fiadhúlra. Sníomhann cosán ó thuaidh trí Ghleann Mháirtín thar lochán muilinn, a chas na muilte, go Waterloo, áit ar thóg an tAth. Matthew Horgan, sagart paróiste aimsir an Ghorta agus ársaitheoir iomráiteach, dá mba shiabhránach féin é, cloigtheach in aice lena séipéal agus é ag déanamh aithrise ar chloigtheithe ársa na hÉireann. Ar an mbóthar siar go Teamhair, is beag atá le feiscint inniu d'lonad Hidreapatach an Dr Richard Barter ag lonad Naomh Áine, áit a mheall daoine saibhre agus clúiteacha chuig na folcadáin ghaile Gael-Rómhánacha tráth. Leanann an bóthar agus an conás

soir go cathair Chorcaí Portach na Coimín, ar fhásach é tráth ina raibh na faolchúnna ba dheireanaí a mhair in Éirinn, ach ar eangach agus tearmann fiadhúlra anois é.

Chothaigh tiarnaí Mhúscraí bardscoil sa chaisleán tráth. Ach a ndearnadh concas agus ar baineadh an mhaoin de na Gaeil, tháinig scaipeadh ar na baird agus iad ag scríobh dánta i mbotháin agus ag iarraidh slí bheatha a dhéanamh as an spailpíneacht agus as lámhscríbhinní a chóipeáil. A bhúi leo-san sna trí chéad bliain go ré thimirí Chonradh na Gaeilge céad bliain ó shin, caomhnaíodh an Ghaeilge ó bhéal agus i scríbhinní - gné eile d'oidhreacht iontach na Blarnan agus an cheantair máguaird.



## Aguisín 2: Ceantair Chaomhnaithe Speisialta (SPA) agus Limistéir Oidhreachta Náisiúnta (pNHA) atá laistigh de theorainn Chathair Chorcaí

Ainmniú	Ainm an tsuímh	Achar (Ha)
SPA	SPA Chuan Chorcaí	2660.27
SAC	<i>Níl ceann ar bith laistigh de theorainn Chomhairle Cathrach Chorcaí</i>	
NHA beartaithe	Gleann na Laoi	73.2928
	Gleann Shournagh	74.25319
	Coill Chaisleán na Blarnan	13.50683
	Inbhear Abhainn na Dúglaise	398.8248
	Coill Ghleann Maghair	12.21381
	An Loch, Corcaigh	7.56131
	Cladach Dhún Cítíl	36.50367
	Uaimh Bhaile an Chollaigh	3.38947
	Loch na Blarnan	18.40131
	Coill Ard Amadáin	22.37682
	Portach na Blarnan	73.03439





